Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

# Dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall 2026 - 2030



# Buíochas

Ba mhaith le Comhairle Contae Dhún na nGall buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd ar fad a chuidigh le forbairt Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall 2026–2030. Gabhaim buíochas speisialta leis an Chomhairle Oidhreachta as a dtreoir agus a gcomhpháirtíocht, fríd Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil, Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall agus Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall as a gcomhairle agus a dtacaíocht luachmhar, agus leis an iliomad páirtithe leasmhara, grúpaí pobail agus baill den phobal a ghlac páirt i gcomhairliúcháin agus a roinn a gcuid léargas. Bhí dúthracht agus saineolas gach duine a bhí páirteach ríthábhachtach i múnlú plean a léiríonn an uaillmhian chomhchoiteann atá againn oidhreacht shaibhir nádúrtha Chontae Dhún na nGall a chosaint agus a athchóiriú do na glúnta reatha agus do na glúnta atá le teacht.



*Léaráid an chlúdaigh tosaigh le Robert Vaughan*

*Léaráid Taobh istigh: Lóma Rua le Robert Vaughan*

# Réamhrá

Réamhrá – POF CCDG, John McLaughlin

Réamhrá - Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall

Réamhrá – An Chomhairle Oidhreachta

# Clár ábhair


Buíochas ..... 2

Réamhrá ..... 3

Clár ábhair ..... 4

Achoimre Feidhmiúcháin ..... 5

Caibidil 1: Bithéagsúlacht a Thuiscint ..... 6

1.1 Cad is Bithéagsúlacht ann? ..... 6

1.2 Cén fáth a bhfuil Bithéagsúlacht tábhachtach? ..... 6

Caibidil 2: Bithéagsúlacht i gContae Dhún na nGall ..... 9

2.1 Láithreáin Ainmnithe i gContae Dhún na nGall ..... 10

2.2 Gnáthóga Tábhachtacha i nDún na nGall ..... 12

Caibidil 3: An Ghéarchéim Bhithéagsúlachta ..... 24

3.1 Staid an Dúlra in Éirinn ..... 24

3.2 Cad iad na fadhbanna atá ag an bhithéagsúlacht? ..... 25

Caibidil 4: Creat Beartais chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a Fhorbairt ..... 28

4.1 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a Fhorbairt ..... 28

4.2 Comhthéacs Reachtach agus Beartais ..... 31

Caibidil 5: Cás-Staidéir Bithéagsúlachta i gContae Dhún na nGall ..... 39

5.1 Tionscadal LIFE an Traonaigh ..... 39

5.2 SAOL an an Mhachaire ..... 40

5.3 SAOL Dhúlra an Atlantaigh Fhiáin ..... 40

5.4 Lapairí Pórúcháin CNE ..... 41

5.5 Cláir LAWPRO ..... 41

5.6 Tionscadail Chomhairle Contae Dhún na nGall ..... 41

Caibidil 6: Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall ..... 46

6.1 Téama 1: Bailiú Sonraí, Mapáil agus Taighde ..... 47

6.2 Téama 2: Bithéagsúlacht a leabú in Oibríochtaí na Comhairle trí Bheartas agus Oiliúint ..... 49

6.3 Téama 3: Beart de réir ár mBriathar – An dóigh a ndéanann muid bithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcleachtais oibre ..... 52

6.4 Téama 4: Cur leis an fheasacht agus leis an cheangal atá ag daoine maidir le Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall ........ 55
6.5 Téama 5. Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara ........ 57
6.6 Á Chur i bhFeidhm - Rialachas, Maoiniú agus Seachadadh Fadtéarmach ........ 60
Caibidil 7: Déan do chuid féin ar son na bithéagsúlachta ........ 61
Caibidil 8: Aguisíní ........ 63
Aguisín 1. Suíomhanna ainmnithe i gContae Dhún na nGall ........ 63
Aguisín 2. Gluais agus Leabharliosta ........ 67

# Achoimre Feidhmiúcháin

Tacaíonn cóstaí, ceantair shléibhe, portaigh, aibhneacha, oileáin agus talamh feirme Chontae Dhún na nGall le héagsúlacht shaibhir fiadhúlra agus tá siad lárnach d'fhéiniúlacht, d'fholláine agus do gheilleagar na contae. Cosúil leis an chuid eile d'Éirinn, áfach, tá caillteanas suntasach bithéagsúlachta i nDún na nGall mar gheall ar athrú gnáthóg, truailliú, athrú aeráide agus speicis ionracha. Tá éigeandáil bhithéagsúlachta fógartha ag Éirinn agus, fríd an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, fríd an Chreat Náisiúnta Pleanála agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, tá gealltanas tugtha aici go gcuirfear stad le caillteanas bithéagsúlachta agus go ndéanfar iarracht é a iompú sa treo eile i gcomhréir le spriocanna an AE agus spriocanna domhanda.

Is é Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall 2026 - 2030 freagra áitiúil Chomhairle Contae Dhún na nGall ar na gealltanais sin agus ar a dualgas bithéagsúlachta faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú). Leagtar amach ann fís shoiléir chun bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall a chosaint, a athchóiriú agus a cheiliúradh, lena chinntiú go mbeidh rath ar an dúlra in éineacht le daoine, agus go bhfaighidh na glúnta atá le teacht contae mar oidhreacht atá saibhir ó thaobh an fhiadhúlra agus éiceachórais shláintiúla de. Cuireann Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall de cheangal ar an Chomhairle ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla fad is go n-aithníonn sé nach féidir léi é sin a bhaint amach ina haonar. Tá sé mar aidhm aige bithéagsúlacht a shníomh isteach i gcinnteoireacht laethúil agus i mbainistiú talún, ach díreach chomh tábhachtach céanna, tacú le daoine eile agus cur ar chumas daoine eile gníomhú ar son an dúlra.

Sna cúig bliana amach romhainn, díreofar ar eolas agus feasacht a fheabhsú, tailte na Comhairle a bhainistiú ar bhealaí nach ndéanann dochar don dúlra, bunbhrúnna a laghdú agus comhpháirtíochtaí láidre agus tionscadail áitiúla a thógáil ar fud na contae. Trí chreat comhaontaithe, treoir chomhroinnte agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil,

tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall 2026 - 2030 deartha chun imní maidir leis an dúlra a iompú ina ghníomhaíocht chomhordaithe, ar an talamh.



*Léaráid de Spideog © Robert Vaughan*

# Caibidil 1: Bithéagsúlacht a Thuigbheáil

## 1.1 Cad is Bithéagsúlacht ann?

Is í an bhithéagsúlacht éagsúlacht na beatha ar an Domhan, agus i gContae Dhún na nGall, tá sí timpeall orainn.  Tá clú agus cáil ar Chontae Dhún na nGall mar gheall ar a tírdhreacha fíoráille, a cósta agus a réimse leathan fiadhúlra uathúil agus speisialta. Is míreanna mearaí iad na tírdhreacha sin, déanta as mósáic de ghnáthóga tábhachtacha cosúil le portaigh agus fraochmhná, aibhneacha agus lochanna, coillearnacha dúchasacha, dumhcha, machairí agus go leor eile. Laistigh de na gnáthóga sin, tá speicis neamhchoitianta agus speicis choitianta araon, rud a fhágann gur áit speisialta é Dún na nGall ach fosta mar chuid lárnach de líonra gnáthóga in Éirinn a thacaíonn le bithéagsúlacht níos leithne. Ach tá géarchéim bhithéagsúlachta ann. Ar fud na hÉireann, tá gnáthóga ag dul i laghad, tá speicis faoi bhagairt, agus tá na héiceachórais a bhfuil muid ag brath orthu faoi bhrú.

## 1.2 Cén fáth a bhfuil Bithéagsúlacht tábhachtach?

Mar dhaoine, is cuid den bhithéagsúlacht muid, agus tá ár saol fite fuaite leis an domhan nádúrtha. Soláthraíonn an dúlra na rudaí riachtanacha dúinn chun maireachtáil: an bia a itheann muid, an t-uisce a ólann muid, an t-aer a análaíonn muid, agus na hábhair a úsáideann muid le haghaidh foscadh agus éadaí. Ach taobh amuigh de na bunghnéithe sin, tacaíonn sé lenár bhfolláine mheabhrach agus fhisiciúil, cuireann sé spásanna caitheamh aimsire agus inspioráide ar fáil, agus tacaíonn sé lenár ngeilleagair agus lenár gcultúir.

Tugtar Seirbhísí Éiceachórais ar na buntáistí sin a fhaigheann muid saor ó éiceachórais shláintiúla. Ina measc tá:

- Seirbhísí soláthair amhail barra, adhmad, úruisce agus acmhainní leighis,

- Rialáil seirbhísí cosúil le rialú aeráide, pailniú, íonú uisce, agus cosc galar,
- Seirbhísí cultúrtha lena n-áirítear saibhriú spioradálta, folláine agus taitneamh a bhaint as an dúlra, caitheamh aimsire, eispéiris aeistéitiúla, agus
- Seirbhísí tacaíochta amhail foirmiú ithreach, fótaisintéis, agus timthriall na gcothaitheach atá riachtanach chun go bhfeidhmeoidh gach seirbhís eile.

Nuair a bhíonn bithéagsúlacht saibhir agus éiceachórais sláintiúil, bíonn na seirbhísí sin flúirseach agus seasmhach. Ach nuair a dhéantar an bhithéagsúlacht a dhíghrádú, tosaíonn na seirbhísí sin ag briseadh síos, rud a chuireann an dúlra agus folláine an duine i mbaol.




**Fíor 1. Léaráid de Sheirbhísí Éiceachórais © Ruth Graham**

In ainneoin go bhfuil réimse iontach bithéagsúlachta i nDún na nGall agus in Éirinn, tá dúshláin thromchúiseacha roimh Éirinn maidir lena bithéagsúlacht a chosaint. De réir an

tSéú Tuarascáil Náisiúnta de chuid na hÉireann ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Bhithéagsúlacht[1]:

- Tá drochbhail ar 91% de ghnáthóga cosanta nó tá siad easnamhach.
- Tá níos mó ná leath de na gnáthóga sin ag dul in olcas.
- Meastar go bhfuil 14% de na speicis a ndearnadh measúnú orthu i mbaol.

Mar fhreagairt ar an imní sin atá ag fás, d'fhógair Dáil Éireann géarchéim bhithéagsúlachta go hoifigiúil ar an 9 Bealtaine 2019. Ar fud an domhain, tá rabhadh tugtha ag an Ardán Eolaíochta-Beartais Idir-Rialtasach ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)[2] go bhfuil caillteanas na bithéagsúlachta chomh tromchúiseach céanna leis an éigeandáil aeráide.

Déanfar iniúchadh breise i gCaibidil 2 agus 3 ar bhithéagsúlacht Dhún na nGall agus ar na bagairtí atá os a chomhair.

## 1.3 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil

Soláthraíonn Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil creat struchtúrtha chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil. Leagtar amach ann cuspóirí agus gníomhaíochtaí a fhreagraíonn do ghealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus léiríonn sé tosaíochtaí réigiúnacha agus comhairliúchán áitiúil ag an am céanna.

Treoróidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall (PGB Dhún na nGall) Comhairle Contae Dhún na nGall sna cúig bliana amach romhainn, ag tairiscint treo soiléir maidir le bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú. Is é an aidhm atá ann **bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall a chosaint, a athchóiriú agus a cheiliúradh, lena chinntiú go mbeidh rath ar an dúlra in éineacht le daoine, agus go bhfaighidh na glúnta atá le teacht contae mar oidhreacht atá saibhir ó thaobh an fhiadhúlra agus éiceachórais shláintiúla de.**

Aithníonn PGB Dhún na nGall go bhfuil an bhithéagsúlacht mar bhonn faoi shláinte an duine, faoin gheilleagar áitiúil, agus faoi cháilíocht na beatha i gcoitinne. Tugtar breac-chuntas ann ar bhearta praiticiúla chun gnáthóga a chaomhnú, speicis a chosaint, agus teacht aniar a neartú i bhfianaise an athraithe aeráide. Tá sé tábhachtach go leagann sé béim ar an dóigh a bhfuil gach duine freagrach as an bhithéagsúlacht, ag spreagadh rannpháirtíochta ó lucht déanta cinntí na n-údarás áitiúil, pleanálaithe, ailtirí, innealtóirí,

---

[1] An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2019, 6ú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann ar an Choinbhinsiún maidir leis an Bhithéagsúacht.

[2] IPBES (2019): Achoimre do lucht déanta beartas ar thuarascáil mheasúnaithe dhomhanda ar bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais an Ardáin Eolaíochta-Beartais Idir-Rialtasach ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, rúnaíocht IPBES, Bonn, an Ghearmáin.

polaiteoirí, forbróirí, gnólachtaí, feirmeoirí, scoileanna, grúpaí creidimh, eagraíochtaí pobail, agus daoine a bhfuil a ngarraí féin acu.

Tá an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2023–2030) de chuid na hÉireann mar bhonn faoi PGB Dhún na nGall, a éilíonn ar gach údarás áitiúil pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta a ghlacadh faoi 2026 agus a chuireann cur chuige "Rialtais Uilig, Sochaí Uilig" chun cinn i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Bhithéagsúlacht agus le Straitéis Bithéagsúlachta an AE.

Tá PGB Dhún na nGall struchtúrtha timpeall ar chúig théama, cúig chuspóir uileghabhálacha, agus gníomhartha agus PFTanna intomhaiste. Rinneadh scagadh air le haghaidh Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus rinne straitéisí caomhnaithe idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla eolas dó. Agus an plean á fhorbairt leanadh Treoirlínte Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil de chuid na Comhairle Oidhreachta.

Tá cuntas níos mionsonraithe ar an chreat beartais agus ar an chur chuige maidir le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a fhorbairt le fáil i gCaibidil 4.

# Caibidil 2: Bithéagsúlacht i gContae Dhún na nGall

Tá clú agus cáil ar Chontae Dhún na nGall mar gheall ar a tírdhreacha fíoráille, ó phortaigh shléibhe, sceirdiúla go cladaí glioscarnacha an Aigéin Atlantaigh. Tá na háiteanna sin beo le dath, fuaim agus beatha. Ach ní leathanradhairc amháin iad, is mósáicí beo de ghnáthóga agus speicis iad, fuaite le chéile go casta. Tá idir fhilí agus aisteoirí ag cur fúthu in áilleacht fhiáin, gharbh Dhún na nGall le blianta, agus tá na glúnta spreagtha ag áilleacht na contae. Deimhníonn an obair a rinneadh le déanaí chun Iniúchtaí ar Speicis Chontae Dhún na nGall a thiomsú (Éiceolaíocht Mhic Gearailt, 2024; 2025) go dtacaíonn na tírdhreacha sin leis na mílte speiceas bíodh sin plandaí, fungais agus ainmhithe, ag cur béim ar thábhacht náisiúnta Dhún na nGall don bhithéagsúlacht agus ag soláthar an bhunbhonn fianaise don Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta seo. Tá go leor suíomhanna ainmnithe i nDún na nGall, atá deartha chun na samplaí is tábhachtaí de réimse leathan gnáthóg agus speiceas a chosaint. Mar sin féin, tá i bhfad níos mó i nDún na nGall; na fálta sceach agus na píosaí beaga coillearnacha idir láithreáin chosanta, na

sruthanna agus na glaisí ag sileadh chuig ár gcuid aibhneacha agus na bogaigh atá scaipthe ar fud an tírdhreacha, iad uilig mar pháirt de na míreanna mearaí bithéagsúlachta. Tá sé tábhachtach fosta an tábhacht a bhaineann leis an bhithéagsúlacht a aithint i gcontaetha atá taobh le Dún na nGall, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann, toisc nach n-aithníonn an bhithéagsúlacht teorainneacha, go háirithe ár n-aibhneacha agus ár sruthchúrsaí atá ag brath ar an tírdhreach. Déantar iniúchadh i gCaibidil 2 ar na láithreáin chosanta, agus ar an réimse leathan gnáthóg agus speiceas atá le fáil i gContae Dhún na nGall.

## 2.1 Láithreáin Ainmnithe i gContae Dhún na nGall

### 2.1.1 Láithreáin chosanta idirnáisiúnta agus Eorpacha

**Láithreáin Ramsar**

Is suíomhanna iad Láithreáin Ramsar atá ainmnithe i ndiaidh an Choinbhinsiúin ar Bhogaigh ar a dtugtar Coinbhinsiún Ramsar go minic. Is conradh idir-rialtasach é a sholáthraíonn an creat le haghaidh gníomhaíocht náisiúnta agus comhar idirnáisiúnta le bogaigh agus a n-acmhainní a chaomhnú agus a úsáid go ciallmhar. Tá 45 láithreán Ramsar in Éirinn, a chlúdaíonn 66,994 heicteár, agus tá ceithre cinn de na suíomhanna sin i gContae Dhún na nGall; Locha Dún Rátha/Ardchlár Phaiteagó, Trá Bhréige, Portach Loch Beara agus An Cnoc Breac.

**Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna (Caomhnú))**

Sainmhínítear agus rialaítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna(Caomhnú)) le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga 1992 (Treoir 92/43/CEE ón Chomhairle) agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (I.R. 94/97). Tá sé de dhualgas ar na Ballstáit Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a ainmniú le gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint agus a chaomhnú i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh.

Tá 47 LCS(Caomhnú) ainmnithe ar fud Chontae Dhún na nGall faoi láthair, agus tá liosta iomlán díobh le fáil in Aguisín 1. Cosnaíonn siad sin gnáthóga amhail bratphortaigh, portaigh ardaithe, turlaigh, dumhcha, machaire mara, fraochmhnánna, lochanna agus aibhneacha, inbhir agus gaotha. Tá siad ainmnithe fosta le speicis amhail bradán, dobharchú, diúilicín péarla fionnuisce, deilf bholgshrónach agus raithneach Chill Airne a chosaint.

**Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna (Cosaint))**

Ainmnítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna (Cosaint)) chun éin a chosaint, go háirithe speicis neamhchoitianta agus leochaileacha liostaithe agus speicis imirceacha a fhaightear go rialta. Tá siad sainmhínithe agus rialaithe ag Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin 1979 (Treoir 79/409/CEE ón Chomhairle) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (I.R. 94/97) maidir le cosaint agus bainistiú

fadtéarmach gach speiceas éan fiáin agus a ngnáthóga san AE. Tá 26 LCS (Cosaint) i nDún na nGall a dhíríonn ar éin a chosaint, go háirithe coilíneachtaí éan mara pórúcháin agus suíomhanna géanna geimhridh. Is féidir liosta iomlán a fháil in Aguisín 1.

Le chéile, tugtar láithreáin Natura 2000 ar LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint). Clúdaíonn líonra Natura 2000 codanna móra de Dhún na nGall agus bunaíodh é chun réimse leathan gnáthóg agus speiceas a chaomhnú, lena n-áirítear an diúilicín péarla fionnuisce (m.sh. LCSanna (Caomhnú): An Leanainn, Loch Iascaigh agus Coill Ard na Móna, agus LCSanna Portach Fána Bhuí/Loch na Cuinge), bratphortach (e.g. LCSanna (Caomhnú): Portach Chlochar na nGabhar agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Loch an Oileáin), bradán Atlantach, (e.g. LCS (Caomhnú) na Finne), dobharchú (e.g. LCS (Caomhnú) Loch Súilí), dumhcha aistreacha i dtús fáis (LCS (Caomhnú) Bhá agus Oileáin Ghaoth Dobhair), traonach (LCS (Cosaint) An Fál Carrach go Mín Lárach), crotach (m.sh. LCS (Cosaint) Loch Súilí).

### 2.1.2 Láithreáin Ainmnithe go Náisiúnta

**Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna)**

Bunaíodh Limistéir Oidhreachta Nádúrtha faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 agus is ionann iad agus an t-ainmniú bunúsach do chosaint fiadhúlra. Díorthaíodh iad ó Limistéir Inspéise ó thaobh Eolaíochta (LIEnna) agus cuimsíonn siad cuid de na limistéir is fearr atá fágtha de ghnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha na hÉireann. D'fhéadfaí suíomhanna a roghnú ar bhonn tábhacht speisialta eolaíoch a bheith acu do speiceas amháin nó níos mó, do phobail, do ghnáthóga, do thírghnéithe, do ghnéithe geolaíocha nó geomoirfeolaíocha, nó d'éagsúlacht tréithe nádúrtha. Tá 12 LON i nDún na nGall faoi láthair, agus tá liosta iomlán díobh le fáil in Aguisín 1

**LONanna Beartaithe (LONbanna)**

Is éard atá i Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Bheartaithe (LONbanna) ná suíomhanna atá thar a bheith spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta de in Éirinn a aithníodh mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá tábhachtach do chaomhnú na bithéagsúlachta ach nach bhfuil cosaint reachtúil iomlán faighte acu fós faoi dhlí na hÉireann. Tháinig coincheap na LONbanna chun cinn i ndiaidh an Achta um Fhiadhúlra (Leasú) 2000, a sholáthraigh an creat dlíthiúil chun Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) a ainmniú. Cé go bhfuil LONanna ainmnithe agus cosanta go foirmiúil, is ionann LONbanna agus liosta de shuíomhanna féideartha a aithnítear as a luach éiceolaíoch ard ach atá fós ag réamhchéim sa phróiseas ainmniúcháin.

**Anaclanna Dúlra**

Is limistéar cosanta é Anaclann Dúlra atá tábhachtach don fhiadhúlra. Tá 77 anaclann dúlra cláraithe in Éirinn a bhfuil ról lárnach acu go léir maidir leis an dúlra a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tá an chuid is mó acu faoi úinéireacht an Stáit, ach tá cuid acu

faoi úinéireacht eagraíochtaí nó úinéirí talún príobháideacha. Tá deich n-anaclann dúlra i gContae Dhún na nGall, is iad sin: Anaclann Dúlra Ard na Móna, Anaclann Dúlra Choill Bhaile Áir, Anaclann Dúlra Choill na Deirce Móire, Anaclann Dúlra Choill Dhún Taithligh, Anaclann Éanlaithe Fiáine na hInse, Anaclann Dúlra Phortach Loch Beara, Anaclann Dúlra an Chnoic Bhric, Anaclann Dúlra Ardchlár Phaiteagó, Anaclann Dúlra Choill Ráth Maoláin agus Anaclann Dúlra Loch an tSeascainn Mhóir. Is féidir tuilleadh eolais faoi sin a fháil ag https://www.npws.ie/nature-reserves/Donegal.

**Páirceanna Náisiúnta**

Tá príomhspriocanna ar leith ag Páirceanna Náisiúnta na hÉireann:

- An dúlra a chosaint agus a chaomhnú do na glúnta atá le teacht,
- A bheith ina gceannairí in oideachas caomhnaithe in Éirinn, agus
- Bród agus meas ar an dúlra a chothú i ngach duine a thugann cuairt ar na páirceanna.

Tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite i gcroílár Shléibhte Dhoire Bheatha in iarthuaisceart Chontae Dhún na nGall. Is fásach iargúlta agus álainn é an pháirc sin de shléibhte clochacha agus lochanna gan mhilleadh. Cuimsíonn an pháirc iar-Eastát Ghleann Bheatha, chomh maith leis na cnoic ghrianchloichíte timpeall Chnoc na bhFaircheach ar an taobh thiar agus tailte Phortach Loch Beara, an Chnoic Bhric agus Chnoc an Stollaire ó dheas. Tá tuilleadh eolais faoi Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha ar fáil ag www.nationalparks.ie/glenveagh/.

**Tearmainn Éanlaithe Fiáine**

Is limistéir iad Tearmainn Éanlaithe Fiáine atá fágtha amach as an 'Ordú Séasúr Oscailte' ionas gur féidir le héanlaith ghéim scíth a ligean agus iad féin a bheathú gan aon rud a bheith ag cur isteach orthu. Tá 68 tearmann in Éirinn, cúig cinn acu i gContae Dhún na nGall ag na hArdaidh, Cúil na Birte, an Loch Úr, Loch Fearna agus Trá Bhréige. Ní cheadaítear éanlaith ghéim a lámhach sna tearmainn sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag https://www.npws.ie/protected-sites/wildfowl-sanctuaries.

## 2.2 Gnáthóga Tábhachtacha i nDún na nGall

### 2.2.1 Tránna, dumhcha, machair agus na hOileáin.

Cuimsíonn **bithéagsúlacht trá** in Éirinn réimse leathan plandaí agus ainmhithe mara a chónaíonn nó a thagann i dtír cois cladaigh, ag feidhmiú mar tháscairí ar shláinte na n-

aigéan agus ar athrú aeráide. Bíonn tionscadail eolaíochta saoránach cosúil le Fiosraigh do Chladach[3] agus Mórshuirbhé Bithéagsúlachta Trá an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta[4] ag iarraidh oibrithe deonacha a spreagadh le sliogáin, feamainn, crústaigh, agus speicis idirthaoideacha eile a thaifeadadh, agus sonraí a ghlacadh le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe fadtéarmacha. Tá tránna Dhún na nGall an-saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, áiteanna a bhfuil a lán speiceas le fáil ar nós: éin mhara neamhchoitianta cosúil le geabhróg bheag, bláthanna fiáine cosúil le lus na sceallaí, chomh maith le speicis mhara cosúil le liamháin ghréine agus rónta glasa, rud a fhágann gur limistéir tosaíochta iad le haghaidh caomhnú cósta.

Is gnáthóga ríthábhachtacha iad **dumhcha** a thacaíonn le fiadhúlra agus plandaí neamhchoitianta agus speisialaithe, rud a fhágann go minic go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. Cuireann a gcruthanna éagsúla coinníollacha idéalacha ar fáil do speicis cosúil le plandaí bláthanna, laghairteanna agus éin a dhéanann nead ar talamh. In Éirinn, tá roinnt gnáthóg duimhce liostaithe faoi Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga, lena n-áirítear dumhcha aistreacha i dtús fáis, dumhcha bána, dumhcha glasa, lagáin bhogthaise dumhcha, agus machairí mara. Leagann iarrachtaí caomhnaithe béim ar na héiceachórais sin a chosaint ó bhagairtí agus feasacht a chur chun cinn trí thionscnaimh cosúil leis an fheachtas "Cosain Ár nDumhcha".[5]

Is cineál neamhchoitianta féaraigh chósta é **Machaire Mara** a fhaightear in iarthuaisceart na hÉireann den chuid is mó. Fásann sé ar mhachairí de ghaineamh séidte ina bhfuil líon ard de shliogáin trá bhrúite, rud a fhágann go bhfuil an ithir saibhir in aol. Meascán de cheantair thirime agus fliucha is ea tírdhreacha Mhachaire Mara, atá suite taobh thiar de thránna agus dumhcha ar thaobh na farraige agus in aice le bogaigh, tailte portaigh agus fraochmhaigh ar thaobh na talún. Tacaíonn an meascán gnáthóg sin le réimse leathan fiadhúlra, go háirithe lapairí pórúcháin cosúil le pilibín agus breacóg agus réimse leathan pailneoirí. I measc na speiceas ar an liosta dearg atá taifeadta ar shuíomhanna machaire Dhún na nGall tá bumbóg earr-rua, beach chardála caonaigh agus féileacáin ar nós fritileán dúghlas, fraochán beag, fritileán réisc agus gormán beag.

Tá forbairt déanta ag machaire mara thar na mílte bliain i ndlúthbhaint leis an fheirmeoireacht thraidisiúnta. Tá an tionscadal Machaire Beo[6], a mhínítear tuilleadh i gCaibidil 5, ag tacú le húinéirí talún machaire mara i dTuaisceart Dhún na nGall ag An Leargaigh Bhreac agus in iarthar Dhún na nGall ag Machaire Gathlán agus na ceantair máguaird.

[3] https://exploreyourshore.ie/
[4] https://exploreyourshore.ie/surveys/the-big-beach-biodiversity-survey/
[5] https://dunes.ie/protect-our-dunes-campaign/
[6] https://www.lifeonmachair.ie/

Tá suaimhneas agus ciúnas ar fáil ar **oileáin Dhún na nGall**, le níos lú foirgneamh agus níos lú torainn. Fágann sé sin go bhfuil siad foirfe don fhiadhúlra. Déanann éin mhara nead go sábháilte ansin, agus bíonn géanna giúrainn ag innilt ar phlandaí a fhásann go híseal agus atá salannfhulangach cosúil le rabhán agus falcaire corraigh.

Tá tábhacht ar leith ag baint le Toraigh, le haillte cósta, coilíneachtaí éan, agus talamh oscailte do lapairí agus do gheabhróga. Tá Inis Bó Finne agus Inis Meáin ar na háiteanna is mó a bhfuil an traonach le fáil, agus tá mórán creige le fáil ar Árainn Mhóir, bláth fiáin neamhchoitianta nach bhfaightear ach in Éirinn. Ach is féidir le forbairt neamh-inbhuanaithe agus speicis choimhthíocha ionracha cosúil le minceanna agus francaigh na gnáthóga leochaileacha sin ar na hoileáin a chur i mbaol.



*Léaráid © Robert Vaughan*

## 2.2.2 Bogaigh, lochanna agus aibhneacha.

Tá **bogaigh** le fáil ar fud Dhún na nGall agus tá tábhacht nach beag ag baint leo. Soláthraíonn na giolcarnaí, na bruacha lábacha, na tuilemhánna agus na móinéir fhliucha a bhaineann leo, go leor deiseanna luachmhara idirchriosanna don fhiadhúlra, lena n-áirítear plandaí, feithidí agus éanlaithe fiáine. Fásann bogaigh, cosúil le heanaigh agus borrfhás, áit a mbuaileann móin le huisce nach bhfuil chomh haigéadach sin. Tacaíonn na limistéir sin le plandaí agus fiadhúlra uathúla. Fásann giolcarnaí agus coillte fliucha fearnóg (ar a dtugtar fen carr) timpeall lochanna agus aibhneacha. Tá na gnáthóga sin beag agus is furasta neamhaird a dhéanamh orthu, ach tá siad tábhachtach. B'fhéidir gurb iad na bogaigh is mó atá faoi bhagairt, mar gheall ar a n-íogaireacht do dhraenáil, truailliú uisce agus líonadh.


Is é an rud atá i gceist le **hinbhir** ná an áit a mbuaileann aibhneacha leis an fharraige. Ansin, tagann gaineamh in áit láibe agus siolta, ag cruthú tailte saibhire beathaithe do shliogéisc, do phortáin agus do phéisteanna. Meallann siad sin na mílte éan agus lapairí cosúil le breacóg agus glúineach dhearg, agus éanlaithe fiáine cosúil le seil-lachain, praslachain, agus spadalaigh. Sa gheimhreadh, tagann tréada ollmhóra nó stadann siad ar a n-imirce ó dheas. Timpeall na n-imeall, cuireann tailte cothroma bia ar fáil d'ealaí agus do ghéanna. Tá thart ar 30,000 éan uisce geimhridh i Loch Súilí, lena n-áirítear an eala agus gé bhánéadanach Ghraonlannach, dhá cheann de na speicis is tábhachtaí in Éirinn.

Is féidir le **lochanna** a bheith éagsúil óna chéile, agus tá go leor cineálacha i nDún na nGall, mar atá catagóirithe in Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn (Fossitt 2000):[7]

- Lochanna diostrófacha ar linnte móna beaga aigéadacha iad,
- Lochanna olagatrófacha aigéadacha ar lochanna ardtalún carraigeacha iad le plandaí neamhchoitianta cosúil le plúr an locháin agus iasc cosúil le ruabhreac Artach,
- Lochanna eotrófacha ar lochanna ilchothaitheacha ísealchríche iad a bhfuil go leor fásra iontu,
- Lochanna méiseatrófacha atá measartha ilchothaitheach, agus atá coitianta in ísealchríocha,
- Lochanna aolchloiche agus marla, atá le fáil go príomha i ndeisceart Dhún na nGall, le plandaí neamhchoitianta cosúil le caraifítí, agus
- Turlaigh, lochanna séasúracha neamhchoitianta a thagann agus a imíonn agus atá le fáil in aice le Béal Átha Seanaidh.

[7] J.A. Fossitt, *Treoir maidir le Gnáthóga na hÉireann*, An Chomhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh, 2000

Tacaíonn na locha sin le raon leathan fiadhúlra, lena n-áirítear snáthaidí móra, éanlaithe fiáine, agus éin neamhchoitianta cosúil leis an lóma rua.



*Léaráid © Robert Vaughan*

Soláthraíonn **aibhneacha** agus sruthanna acmhainní ríthábhachtacha don fhiadhúlra go léir. Tá tábhacht mhór ag baint leis an tsruthán is lú don bhithéagsúlacht áitiúil agus tá tábhacht charnach aige don dobharcheantar, toisc go gcuireann gach craobh-abhainn uisce ar fáil d'aibhneacha níos mó leis an tsruth. Tá aibhneacha Chontae Dhún na nGall tábhachtach do go leor speiceas, lena n-áirítear dobharchú cosanta na hEorpa, diúilicín péarla fionnuisce, bradán Atlantach, breac donn dúchasach agus piardóg liathbhán. Ritheann an Fhinn soir isteach san Fheabhail, arb ionann í sin agus imeall thoir na contae. Tá fiadhúlra, cosúil le broighill, dobharchúnna agus cruidíní ag maireachtáil ansin, agus meallann na tuilemhánna géanna agus ealaí sa gheimhreadh. Tacaíonn an Fhinn agus an Daoil le plandaí speisialta cosúil le donnroisc agus leolach. Mear-aibhneacha carraigeacha is ea an chuid is mó de na haibhneacha eile, ach mar sin féin sin an áit a mbíonn gaibhe dubha, bric dhonna, agus in aibhneacha níos mó, bradáin ag maireachtáil. Is iad na príomh-aibhneacha bradán ná an Iascaigh, an Eidhnigh, Abhainn an Ghleanna, an tUí Eanua, Abhainn Ghaoth Beara, an Chláidigh, an Leacach, an Leanainn, an Chrannach agus an Fheabhail/an Fhinn.

### 2.2.3 Féaraigh agus talamh feirmeoireachta.

Tá **féaraigh** ar cheann de na gnáthóga is coitianta in Éirinn. Déantar dianfheirmeoireacht ar pháirceanna ar leith agus tá páirceanna eile saibhir ó thaobh bláthanna fiáine agus

fiadhúlra de. Is é an cineál is coitianta ná féarach feabhsaithe, a leasaítear agus athshíoltar le haghaidh talmhaíochta. I gcodarsnacht leis sin, tá féaraigh leathnádúrtha, mar shampla féaraigh aolchloiche thirime, móinéir neodracha, agus féaraigh fhliucha, agus tá an-éagsúlacht ag baint leo agus tacaíonn siad le réimse leathan plandaí, feithidí agus éin.

Tá na féaraigh nádúrtha sin tábhachtach don bhithéagsúlacht, ach tá go leor acu caillte nó athraithe trí dhraenáil, ró-innilt, agus mí-úsáid leasacháin. Tá sé ríthábhachtach na féaraigh atá fágtha, agus atá saibhir ó thaobh speiceas de, a chosaint; tá sé ríthábhachtach don fhiadhúlra agus le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann a chaomhnú.

Tá athrú suntasach tagtha ar **thalamh feirme** i nDún na nGall le 50 bliain anuas. Tá córais feirmeoireachta measctha traidisiúnta imithe den chuid is mó, agus tháinig diantáirgeadh féarach agus sadhlais ina n-áit. Tá an t-athrú sin i ndiaidh éagsúlacht gnáthóg a laghdú agus laghdú mór a dhéanamh ar fhiadhúlra talún feirme. Tá éin ar nós buíóg, gleoiseach shléibhe, patraisc bhroinnliath, pilibín, crotach, naoscach, agus traonach anois annamh nó ar an liosta dearg, agus tá an gealóg bhuachair díofa in Éirinn. Tá laghdú mór tagtha ar speicis eile cosúil le scréachóg reilige, pocaire gaoithe, caislín aitinn, agus riabhóg mhóna fosta.

Tá laghdú ollmhór ar na bláthanna fiáine a bhíodh coitianta i bpáirceanna curaíochta lá den tsaol, mar shampla lus an chrúbáin, milseán móna, agus odhrach bhallach, mar gheall ar athshíolú, mórúsáid leasacháin, luibhicídí agus draenáil. Tá laghdú tagtha ar níos mó ná leath de speicis plandaí dúchasacha na hÉireann ó na 1950idí, agus tá plandaí féaraigh ar na cinn is measa atá buailte.



*Léaráid © Robert Vaughan*


Sa lá atá inniu ann, is é féarach feabhsaithe agus roinnt talún curaíochta san oirthear an ghné is suntasaí i dtírdhreach Dhún na nGall, fad is go bhfuil féarach garbh le fáil i gceantair shléibhe. De ghnáth bíonn níos lú speiceas le fáil i bpáirceanna a ndéantar dianfheirmeoireacht iontu, ach tá fálta sceach, imeall páirceanna, agus portaigh shléibhe fós ríthábhachtach don bhithéagsúlacht. Meallann páirceanna móra oscailte in aice le Loch Súilí éin uisce geimhridh agus giorriacha sléibhe Éireannacha, agus cuireann ceantair shléibhe gnáthóga ar fáil do speicis cosúil le feadóg bhuí agus cearc fhraoigh cé go bhfuil siad ag meath fosta.

Le cuidiú leis na treochtaí sin a chur ina gceart arís, thug Éire isteach an Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide (ACRES) faoi Phlean Straitéiseach CBT (2023–2027). Íocann ACRES feirmeoirí chun bearta a ghlacadh ar nós fálta sceach dúchasacha a chur, féaraigh a chruthú atá oiriúnach do léar mór speiceas, agus tailte portaigh agus bogaigh a athchóiriú.

### 2.2.4 Coillearnacha agus Fálta Sceach

Is é coillearnach an fásra forchéime in Éirinn, rud a chiallaíonn dá bhfágfaí an chuid is mó de na gnáthóga fúthu féin gan aon chur isteach ó dhaoine, go dtiocfadh coillearnach de chineál éigin chun cinn. Mar sin féin, de réir mar a shocraigh daoine thar na blianta, glanadh go leor dár gcoillearnacha le haghaidh fómhar agus chun talamh feirme a chruthú. Sa lá atá inniu ann, tá Éire ar cheann de na ceantair is lú faoi chrainn san Eoraip, agus níl ach thart ar 12% d’Éirinn faoi fhoraois agus tá líon na gcrann dúchasach chomh híseal le 1.5%.

Tá **coillearnacha leathanduilleacha dúchasacha** annamh agus go minic beag, ach tacaíonn siad le níos mó bithéagsúlachta ná aon ghnáthóg eile. Tá na céadta speiceas i bhfolach iontu, lena n-áirítear leamhain agus éin choillte. Tá cineálacha éagsúla ann, ó choillearnach dharach go coillearnach fuinseoige agus coillearnach fhliuch fosta.



Tá cuntas cuimsitheach, cothrom le dáta, maidir le coillearnach i nDún na nGall le fáil in Coillte Dúchasacha Chontae Dhún na nGall, le Seán Ó Gaoithín, saothar a chlúdaíonn stair na gcoillearnach in Éirinn agus 28 'scéal coille', a léiríonn speicis na gcrann agus an bhithéagsúlacht eile a fhaightear i 28 coillearnach ar fud Dhún na nGall.

**Coillearnacha darach** Tá crainn darach i gceannas iontu den chuid is mó, ach tá meascán éagsúil de speicis crann dúchasach eile iontu fosta, mar shampla, beith chlúmhach, coll, cuileann agus caorthann. Is gnách go mbíonn a sraith mheánach agus flóra talún éagsúil go leor, le plandaí coitianta lena n-áirítear cloigíní gorma, lus na gaoithe, dris, cineálacha raithní, léicin, caonaigh, aelusanna agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar na fungais thábhachtacha.

*Léaráid © Robert Vaughan*

Is cineálacha tábhachtacha coillearnaí iad **fearainn pháirce** ina mbíonn seanchrainn nó crainn aibí, idir dhúchasacha agus neamhdhúchasacha, chomh maith le crainn dhuillsilteacha agus crainn bhuaircíneacha, atá timpeallaithe ag féarach. De ghnáth bíonn baint acu le seantithe móra nó diméinte ar nós: Pairc Ghort na Darach, Ráth Bhoth, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Caisleán Ghleann Bheatha agus Drumhalla House, Ráth Maoláin. Tacaíonn fearainn pháirce le réimse leathan speiceas, lena n-áirítear speicis de léicin neamhchoitianta, go leor ciaróg, míolta, feithidí, agus go leor éan, mar shampla smólach ceoil agus corcrán coille.

Sainmhínítear **fálta sceach** mar theorainneacha líneacha comhdhéanta de thoir atá curtha iontu, atá ina gconairí fiadhúlra ríthábhachtacha laistigh dár dtírdhreach ilroinnte. Ba chóir go mbeadh sé speiceas adhmadacha nó níos mó ar an meán i bhfálta sceach ar mhórán speiceas, laistigh d'fhad 30 méadar. Tá fálta sceach cosúil le coillearnacha ina

struchtúr bunúsach de chrainn le sraith mheánach. Tá siad an-tábhachtach do ghluaiseacht na n-éan agus na n-ainmhithe ó choillearnach amháin go coillearnach eile, ag soláthar tearmainn a bhfuil géarghá leis ar fud na tuaithe.



*Léaráid © Robert Vaughan*

De bharr gur beag coillearnach atá ann i nDún na nGall, tá fálta sceach ríthábhachtach don fhiadhúlra. Tacaíonn fál dea-bhainistithe le bláthanna fiáine, le feithidí, le mamaigh bheaga, agus le héin cosúil le buíóg agus deargán sneachta.

### 2.2.5 Portaigh agus Fraochmhá

Is tréithe sainiúla de Dhún na nGall iad portaigh agus fraochmhá, lena n-áirítear portaigh ardaithe ísealchríche, bratphortaigh, eanaigh, fraochmhá ardtalún, agus fraochmhá sléibhe. Go stairiúil d'úsáidtí na ceantair sin le haghaidh plandálacha, féaraigh, agus baint móna, agus aithnítear anois iad mar gheall ar a mbithéagsúlacht, stóráil carbóin, rialúchán tuilte, agus oidhreacht chultúrtha, ag caomhnú fionnachtana seandálaíochta cosúil le taiscí, coirp phortaigh, agus rianta ársa.

Is éard atá i **bportaigh ardaithe ísealchríche** ná tailte portaigh i gcruth cruinneacháin a chruthaítear in abhantracha ísle faoi bhun 150m, a gcuireann uisce báistí go príomha uisce dóibh agus a thacaíonn le fásra atá lán le sfagnam.  Tá níos lú acu le fáil i nDún na nGall mar gheall ar an dóigh a bhfuil iarthuaisceart na hÉireann i.e. tír-raon sléibhe agus aeráid aigéanach den chuid is mó, ach tá iarsmaí beaga nó idirchriosanna ann, a chosnaítear go minic mar LONanna nó LCSanna (Caomhnú) ar nós Phortach an Mhachaire Bhuí agus LCS Phortach na Teamhrach. I measc na speiceas a fhaightear de

ghnáth ar phortaigh ardaithe tá: ceannbhán gaelach, drúchtíní, sciollam na móna, an crotach, an fraochán mór agus ar ndóigh go leor speiceas de chaonach sfagnaim.

Tá **bratphortaigh** le fáil ar thalamh níos airde mar shraith móna agus fásra a chlúdaíonn na cnoic mar a bheadh brat ann. I nDún na nGall, tá bratphortaigh le fáil i go leor áiteanna, lena n-áirítear Ardchlár Phaiteagó, Portach an Bhearnais Mhóir, Portach Chor Mhín agus i go leor áiteanna i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Is minic a bhíonn bratphortach le feiceáil mar mhósáic le gnáthóga eile, mar shampla fraochmhá, agus ar fhánaí íochtaracha le fionnán, féarach luachra agus eanaigh. I measc na speiceas tábhachtach plandaí agus ainmhithe a fhaightear ar bhratphortaigh tá caonach sfagnaim, drúchtín, ceannbhán gaelach, cíb bhocht, stiallach uaine, feadóg bhuí, fuiseog agus giorria sléibhe Éireannach.

Tá **fraochmhá sléibhe** forleathan i gceantair chnocacha agus sléibhtiúla Dhún na nGall, de ghnáth ar ithreacha aigéadacha os cionn 200–300m, ag aistriú ó bhratphortach ísealchríche go mullaigh sceirdiúla. Tá miontoir ann cosúil le fraoch, fraochán, agus fraoch naoscaí. Tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Sléibhte Dhoire Bheatha, Cró Nimhe, Ceann an Choirne, Bearna an Bharraigh Mhóir agus Sliabh Liag i measc go leor áiteanna ar féidir leat fraochmhá sléibhe a fheiceáil.

Is gnáthóg sléibhe speisialaithe é fraochmhá Montane a fhaightear go hard i réigiúin shléibhtiúla, áit a gcuireann coinníollacha crua cosúil le gaotha láidre, teochtaí ísle, agus nochtadh cosc ar thoir nó ar chrainn a fhásann níos airde. Tá miontoir ann a fhásann go híseal, mar shampla fraoch, fraochán, lus na feannóige, agus uaireanta léicin nó caonaigh, go minic ar ithreacha aigéadacha, nach bhfuil ilchothaitheach. I measc na samplaí atá le fáil i nDún na nGall tá: Sléibhte Dhoire Bheatha, an Mhucais agus na Cruacha.

### 2.2.6 Gnáthóga uirbeacha agus gairdíní


Tá ról lárnach ag gnáthóga uirbeacha maidir le tacú le fiadhúlra éagsúil agus maidir le daoine a chur ar an eolas faoi bhithéagsúlacht. Feiceann a lán daoine speicis cosúil le bóíní Dé, gráinneoga, meantáin ghorma, smólaigh cheoil, agus sciatháin leathair den chéad uair i ngairdíní, i bpáirceanna, nó ar chúrsaí gailf.

Is féidir le **tailte scoile** feidhmiú mar phríomhionaid bhithéagsúlachta agus acmhainní oideachais. Ligeann seomraí ranga lasmuigh do leanaí dul i ngleic leis an dúlra, agus i measc na dtionscadal fiadhúlra simplí tá: crainn dhúchasacha a chur, gairdíní féileacán a chruthú, óstáin feithidí a thógáil, boscaí éan, agus suirbhé a dhéanamh ar fhiadhúlra atá ann cheana.

Cuidíonn **páirceanna poiblí agus spásanna oscailte** le rath a bheith ar bhithéagsúlacht i mbailte agus i sráidbhailte. Ach spásanna a bhainistiú ar bhealach difriúil is féidir níos

mó gnáthóg éagsúil a chruthú cosúil le mion-choillte, móinéir agus locháin. Tá ceantair uirbeacha ríthábhachtach don bhithéagsúlacht, agus cuireann siad áiteanna ar fáil inar féidir le daoine agus fiadhúlra an dúlra a roinnt agus taitneamh a bhaint astu.  Tabhair cuairt ar Pháirc na nEalaí i mBun Cranncha, Páirc Bhaile Mhic Comhghaill i Leitir Ceanainn nó Páirc an Mheal i mBéal Átha Seanaidh le fáil amach cad iad na seoda bithéagsúlachta is féidir leat a fháil sna háiteanna sin!

Feidhmíonn **garraithe** in Éirinn mar thearmainn thábhachtacha don fhiadhúlra trí bhia agus foscadh a thairiscint d'éin, do phailneoirí agus do mhamaigh bheaga. Trí úsáid a bhaint as plandaí dúchasacha, coirnéil mhíshlachtmhara a fhágáil, bláthanna fiáine a chur, agus ligean do fhálta sceach fás cuidíonn sé le bithéagsúlacht a threisiú. Tacaíonn gnéithe cosúil le locháin, carn lomán, agus boscaí éan le neadú agus geimhriúchan, agus trí cheimiceáin a sheachaint cosnaítear feithidí agus amfaibiaigh. Léiríonn an leabhrán Garraíodóireacht don Fhiadhúlra, treoir den scoth arna chur ar fáil ag Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann, le cuidiú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ón Chomhairle Oidhreachta, gur féidir le fiú céimeanna beaga, cosúil le caisearbháin nó eidhneán a fhás, leas mór a dhéanamh don fhiadhúlra áitiúil.



*Léaráid © Robert Vaughan*

# Caibidil 3: An Ghéarchéim Bhithéagsúlachta

## 3.1 Staid an Dúlra in Éirinn

Tá géarchéim bhithéagsúlachta ann in Éirinn. Léiríonn measúnuithe na hÉireann féin faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga na treochtaí seo a leanas:

- Tá thart ar 85 % de ghnáthóga cosanta an AE in Éirinn i riocht neamhfhabhrach,
- Tá beagnach leath acu fós ag laghdú,
- Tá meath tagtha ar níos mó ná leath de speicis plandaí dúchasacha na hÉireann, agus
- Tá 30% dár speicis beacha fiáine i mbaol díothaithe.



Tá daonraí na n-éan faoi bhrú mór fosta. Tá 26% de na speicis éan a bhíonn le feiceáil go rialta anois ar an Liosta Dearg, lena n-áirítear speicis íocónacha cosúil leis an chrotach, an traonach agus cromán na gcearc.

*Léaráid © Robert Vaughan*

Tá na cúiseanna atá taobh thiar de chaillteanas bithéagsúlachta casta agus forleathan. I measc na mbrúnna is mó tá scriosadh gnáthóg, truailliú, athrú aeráide, speicis ionracha, agus cleachtais úsáide talún neamh-inbhuanaithe. Leanann diansaothrú talmhaíochta, forbairt uirbeach agus truailliú uisce ag díghrádú éiceachórais nádúrtha na hÉireann, rud a fhágann go bhfuil a lán gnáthóg scoilte agus léar mór speiceas leochaileach.

Tá Éire i measc na dtíortha is measa san Eoraip maidir le cáilíocht gnáthóg agus clúdach limistéir chosanta. De réir an tInnéacs Sláine Bithéagsúlachta, tá Éire i measc an 10% de na tíortha is measa ar fud an domhain maidir le sláinte bhithéagsúlachta. Ina ainneoin sin, tá feasacht an phobail ag méadú agus tá lucht polaitíochta ag tabhairt níos mó aitheantais don ghéarchéim. Cor cinniúnach a bhí ann géarchéim náisiúnta bhithéagsúlachta a fhógairt, an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta a sheoladh, agus maoiniú a mhéadú do chaomhnú an dúlra. Ach tá gá le gníomh práinneach, comhordaithe chun na treochtaí sin a chur ina gceart agus oidhreacht nádúrtha na hÉireann a athchóiriú.

I gContae Dhún na nGall, tá na treochtaí náisiúnta sin le feiceáil sna saothair úra Iniúchtaí ar Speicis Chontae Dhún na nGall (Éiceolaíocht Mhic Gearailt, 2024; 2025). Tugann an t-

imleabhar maidir le flóra agus fungais taifid le chéile de níos mó ná 4,000 tacsón ar fud plandaí, algaí, léicíní, brífíteanna agus fungais, agus bailíonn an t-imleabhar maidir le fánaí faisnéis chomhionann i dtaca le grúpaí ainmhithe. Léiríonn siad i dteannta a chéile gur daingean é Dún na nGall do go leor speiceas atá faoi bhagairt agus gur contae é ina bhfuil bearnaí móra fós inár n-eolas, go háirithe maidir le hinveirteabraigh, plandaí ísle agus gnáthóga mara agus sléibhe. Freagraíonn Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall go díreach dó sin trí úsáid a bhaint as na hiniúchtaí speiceas mar bhunlíne agus trí dhíriú ar na bearnaí sonraí agus ar na tosaíochtaí suirbhé a aithníonn siad.

## 3.2 Cad iad na fadhbanna atá ag an bhithéagsúlacht?

Leis na céadta bliain in Éirinn, ó glanadh coillearnach dúchasach den chéad uair, trí dhraenáil portaigh, dlús a chur leis an fheirmeoireacht agus forbairt thapa cósta agus uirbeach, tá daoine i ndiaidh beagnach gach cuid den tírdhreach a athmhúnlú. Is beag ceantar atá anois fíor "nádúrtha". Tá an chuid is mó de na gnáthóga leathnádúrtha agus bíonn tionchar mór acu ar an dóigh a ndéanann muid feirmeoireacht, tógáil, draenáil, plandáil agus bainistiú talún agus farraige.

Aithníonn an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta (PGNB) 2023–2030 go dteastaíonn freagra "rialtais uilig, sochaí uilig" anois chun stad a chur leis an chaillteanas sin. Ós rud é gur mar sin atá an comhthéacs in Éirinn, agus i gcás Chontae Dhún na nGall go háirithe, is féidir cur síos a dhéanamh ar na príomhfhadhbanna mar seo a leanas:

### 3.2.1 Scoilt gnáthóg

Ar fud na hÉireann, tá gnáthóga briste ina bpíosaí atá níos lú agus níos iargúlta. I nDún na nGall tá sé sin le feiceáil san áit a ndearnadh móinéir, bogaigh agus portaigh a dhraenáil nó a thiontú, gan fágáil ach blúirí scaipthe d'fhéarach saibhir speiceas nó de phortach ardaithe agus bratphortach ina ndiaidh. Is féidir le forbairt faoin tuath oscailte agus le plandáil foraoiseachta stairiúil tailte portaigh, fraochmhá, imeall cósta agus conairí abhann a roinnt. Nuair a ghearrtar suas gnáthóga sa dóigh sin, bíonn sé níos deacra ag fiadhúlra:

- Bogadh chun bia, ceilí nó suíomhanna neadaithe / fáirthe a aimsiú.
- A raon a athrú mar fhreagairt ar athrú aeráide.
- Éagsúlacht ghéiniteach shláintiúil a choinneáil idir daonraí.

Déanann scoilt éifeachtaí imeall agus suaitheadh níos measa fosta mar go bhfuil níos mó torainn, solais, tráchta, madadh agus daoine ar imeall na suíomhanna a bhíodh ciúin uair amháin. Faoin tuath in Éirinn, tá fálta sceach, teorainneacha baile fearainn líneáilte le crainn, aibhneacha, srutháin agus ballaí cloiche traidisiúnta ina "gconairí fiadhúlra" ríthábhachtacha a chuidíonn leis na paistí briste sin a nascadh. Leagann an PGNB agus

an Plean Pailneoirí Uile-Éireann béim ar an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe líneacha sin chun ligean do speicis bogadh fríd fheirmeacha.

### 3.2.2 Díghrádú gnáthóg

- Fiú nuair a fhanann gnáthóga ar an léarscáil, is minic a thiteann caighdeán na gnáthóg sin. I meas na bpríomhbhrúnna in Éirinn tá:
- Truailliú cothaitheach ó thalmhaíocht agus fuíolluisce, arb í an fhadhb is mó a théann i bhfeidhm ar ár n-aibhneacha agus ár lochanna anois,
- Draenáil, cainéalú agus dreidireacht sruthanna agus draenacha, a dhíríonn agus a dhoimhníonn cainéil, a fhaigheann réitithe de bhruachanna agus de linnte nádúrtha, agus a dhéanann damáiste do ghnáthóga fionnuisce agus bogaigh,
- Móin a bhaint go leitheadach agus portaigh a draenáladh san am a chuaigh thart, a thriomaíonn tailte portaigh, a scaoileann carbón stóráilte agus a athraíonn gnáthóga bogaigh agus gnáthoga fraochmhá fliucha go bunúsach,
- Ró-innilt nó tearc-innilt, a d'fhéadfadh fásra a bhaint agus ithir lom a nochtadh, nó a ligean do scrobarnach agus do raithneach mhór an lámh in uachtar a fháil ar fhéaraigh agus ar fhraochmhá a bhíodh ar mhórán speiceas roimhe seo,
- Truailliú aeir agus athrú aeráide, a théann i bhfeidhm ar chaonaigh, ar léicin agus ar fhásra ardtalún, agus
- Díghrádú mara, lena n-áirítear damáiste d'fhéar mara, do cheilp agus do sceireacha cois cladaigh ó thruailliú, athrú aeráide agus roinnt cleachtas iascaireachta neamh-inbhuanaithe.
- De réir mar a dhíghrádaíonn gnáthóga, imíonn speicis speisialaithe agus cuirtear líon níos lú plandaí agus ainmhithe ginearálta agus suaitheadh ina n-áit.

### 3.2.3 Caillteanas gnáthóg

Tá caillteanas gnáthóg fós ar cheann de na bagairtí is tromchúisí don bhithéagsúlacht ar fud na hÉireann. Áirítear leis sin caillteanas na nithe seo a leanas:

- Féarthailte leathnádúrtha, arna n-iompú ina n-féarach dianbhainistithe nó ina monashaothruithe athshíolaithe,
- Bogaigh, arna líonadh nó arna dhraenáil le haghaidh forbartha, bóithre, talmhaíochta, foraoiseachta nó baint móna go meicniúil,
- Coillearnacha agus scrobarnach dúchasacha, a baineadh le haghaidh foraoiseacht tráchtála, forbartha nó diantalmhaíochta, agus
- Gnáthóga cósta amhail dumhcha, machaire mara agus riasc goirt, a mbíonn tionchar ag forbairt chósta orthu ar thaobh amháin agus ag ardú leibhéal na farraige ar an taobh eile.

Cé go dtarlaíonn go leor de na caillteanais sin ar scála beag, is mór an éifeacht charnach a bhíonn ann. Sa chás go bhfuil portaigh, córais chósta agus patrúin traidisiúnta bailte fearainn lárnach do charachtar an tírdhreacha, is féidir le mionchaillteanas bogach,

imeall páirce nó paistí scrobarnach fiú an líonra éiceolaíoch níos leithne a chreimeadh go suntasach.

### 3.2.4 Meath agus caillteanas speiceas

Tá roinnt speiceas caillte go hiomlán cheana féin ag Éirinn, agus tá go leor eile i mbaol anois. Ní speiceas pórúcháin in Éirinn é an ghealóg bhuachair a thuilleadh agus tá an traonach agus an crotach, a bhíodh le feiceáil go leitheadach ar thalamh feirme agus ar bhogaigh tráth, anois ar an Liosta Dearg (ábhar imní caomhnaithe is airde) sna "Éin a bhfuil Imní Caomhnaithe ina leith in Éirinn 2020–2026" agus meastar go bhfuil siad i mbaol díothaithe mar speiceas pórúcháin Éireannach.

Tá laghdú tagtha ar líon na bpailneoirí, lena n-áirítear go leor beacha fiáine agus beacha gabhair, rud a spreag forbairt an Phlean Pailneoirí Uile-Éireann mar fhreagairt chomhordaithe.

Is minic a tharraingítear aird ar éin toisc go bhfuil sonraí fadtéarmacha againn dóibh, ach d'fhéadfadh patrúin den chineál céanna nó níos measa a bheith ann do phlandaí, feithidí, éisc, fungais agus grúpaí eile. I gcás go leor grúpaí tacsanomaíocha tá bearnaí fós i sonraí an tsuirbhé, mar sin ní thuigtear go hiomlán scála iomlán an laghdaithe i gcontaetha ar nós Dhún na nGall go fóill.

### 3.2.5 Laghdú ar an chumas dul in oiriúint don athrú aeráide

Tá an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar bhithéagsúlacht na hÉireann cheana féin fríd leibhéil na farraige a ardú agus imeachtaí stoirme níos minice, ag dul i bhfeidhm ar chóstaí, dumhcha, machaire mara agus riasc goirt. Tá patrúin báistí athraitheacha, báisteach níos déine agus tréimhsí tirime níos faide ag dul i bhfeidhm ar aibhneacha, bogaigh, tailte portaigh agus soláthairtí uisce óil. Is féidir le hathruithe san am a dtosaíonn na séasúir, mar shampla earraigh níos luaithe, cur isteach ar an sioncrónú idir plandaí bláthanna agus pailneoirí, nó idir teacht chun cinn feithidí agus pórú éan. Ní bheidh speicis in ann déileáil leis na hathruithe sin ach amháin má tá rochtain acu ar ghnáthóga níos mó, níos fearr agus níos comhcheangailte.

# Caibidil 4: Creat Beartais chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a Fhorbairt

## 4.1 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a Fhorbairt

Beidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall ina threoircháipéis do Chomhairle Contae Dhún na nGall sna cúig bliana amach romhainn, dírithe ar bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú. Is é an príomhaidhm atá aige stad a chur le caillteanas bithéagsúlachta fríd thacú le comhoibriú idir an Chomhairle, pobail áitiúla agus eagraíochtaí atá dírithe ar an dúlra chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide atá ag dul i méid.

Aithnítear sa phlean seo go bhfuil bithéagsúlacht ríthábhachtach dár sláinte, dár ngeilleagar agus do chaighdeán na beatha. Tugtar breac-chuntas ann ar ghníomhartha praiticiúla chun gnáthóga nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú, speicis a chosaint, agus cur le teacht aniar i bhfianaise an athraithe aeráide.

Rud atá tábhachtach, spreagann an plean gach duine, ní hamháin saineolaithe caomhnaithe, chun páirt a ghlacadh. Cé acu cinnteoir údaráis áitiúil, pleanálaí, ailtire, innealtóir, polaiteoir, forbróir, úinéir gnó, feirmeoir, scoil, grúpa creidimh, grúpa Baile Slachtmhar nó úinéir gairdín thú, tá ról le himirt agat maidir leis an dúlra a chosaint agus a athchóiriú.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall i gcomhar leis an Chomhairle Oidhreachta, Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Dhún na nGall, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, réimse leathan páirtithe leasmhara agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí suntasach.

### 4.1.1 An Chomhairle Oidhreachta

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Oidhreachta a bunaíodh faoin Acht Oidhreachta 1995. Is é an misean atá acu tuiscint níos leithne a fhorbairt ar an mhéid ríthábhachtach a dhéanann an oidhreacht le cur le folláine shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch. Bhí ról ríthábhachtach ag an Chomhairle Oidhreachta i mbunú Líonra Oifigeach Bithéagsúlachta, le hoifigigh bhithéagsúlachta fostaithe ag údaráis áitiúla i gcomhpháirtíocht leis an Chomhairle Oidhreachta faoi choimirce chlár na nOifigeach Bithéagsúlachta, a tionscnaíodh in 2023. Tacaíonn an Chomhairle Oidhreachta le hobair an oifigigh bithéagsúlachta trí oiliúint ghairmiúil, tacaíochtaí líonra agus maoiniú a chur ar fáil.

D'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta Treoirlínte maidir le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla (PGBÁnna)[8] mar acmhainn d'Údaráis Áitiúla i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm a gcuid straitéisí bithéagsúlachta. Soláthraíonn na treoirlínte sin creat láidir chun pleananna gníomhaíochta cuimsitheacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe a chruthú a chomhtháthaíonn breithnithe bithéagsúlachta i ngach feidhm údaráis áitiúil. Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall de réir na dtreoirlínte sin.

### 4.1.2 Oifig Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall

Bunaíodh Oifig Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall i mí na Samhna 2024 nuair a ceapadh an chéad oifigeach bithéagsúlachta i gContae Dhún na nGall. Tá an Oifig Bithéagsúlachta mar chuid de Rannóg Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall lena n-áirítear Oifig Oidhreachta na contae, Cartlann na contae, Leabharlann na contae, Músaem na contae, Oifig Ealaíon na contae agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach. Is comhthionscnamh é post an oifigigh bithéagsúlachta idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta faoi chlár na n-oifigeach bithéagsúlachta.




**Grianghraf 1. Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall**

### 4.1.3 Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall

Is grúpa comhairleach neamhreachtúil é an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta a bhunaigh an t-údarás áitiúil chun tuairimí a thabhairt ar ullmhú, cur i bhfeidhm agus meastóireacht Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall. Bunaíodh an grúpa mar ghrúpa oibre d'Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, agus tabharfaidh baill den ghrúpa oibre tuairisc ar ais d'Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar

[8] Local-Authority-Biodiversity-Action-Plan-Guidelines.pdf

ghníomhartha an Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta, lena chinntiú go gcuirtear cuspóirí oidhreachta nádúrtha Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i bhfeidhm. Bunaíodh Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Dhún na nGall in 2024 agus bhí ról ríthábhachtach aige le cuidiú leis an Oifigeach Bithéagsúlachta ag céimeanna tábhachtacha i rith 2024 agus 2025, le linn dhréachtú Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall.

#### 4.1.4 Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Is coiste de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall é Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus cuireann sé comhairle ar fáil do Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ó rialtas áitiúil, forbairt áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, institiúidí oideachais, ionadaithe úinéirí talún agus feirmeoirí, grúpaí pobail agus deonacha agus eagraíochtaí oidhreachta. Feidhmíonn Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar bhonn comhpháirtíochta agus comhoibrithe atá fíor agus fiúntach.

#### 4.1.5 Comhairliúchán Poiblí ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Dhún na nGall

I rith mhí na Samhna agus na Nollag 2024, reáchtáladh cúig chlinic bithéagsúlachta agus seisiún eolais ar fud na contae i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn. Tugadh cuireadh don phobal freastal agus a gcuid léargas a roinnt. Ina theannta sin, cruthaíodh ceistneoir ar líne chun tuairimí agus moltaí breise a bhailiú agus bhí sé ar fáil ar líne agus do dhaoine a bhí i láthair go pearsanta le linn an chomhairliúcháin sé seachtaine. San iomlán, d'fhreastail 52 duine ar na cruinnithe agus fuarthas 36 aighneacht scríofa fríd an tairseach ar líne, trí ríomhphost agus ó dhaoine a bhí i láthair go pearsanta. Bhí an t-aiseolas a fuarthas luachmhar agus bhí ról lárnach aige i múnlú chuspóirí agus gníomhartha an phlean.




**Fíor 2. Néal focal a léiríonn príomhábhair a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin réamhdhréachtaithe.**

## 4.2 Comhthéacs Reachtach agus Beartais

Ullmhaíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall ar aon dul le creataí beartais agus reachtacha áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha. Leagtar amach sa Chaibidil seo cuid den phríomhreachtaíocht agus cuid de na príomhbheartais a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a léiríodh i ndréachtú PGB Dhún na nGall. Cinntíonn na creataí Idirnáisiúnta, Eorpacha, Náisiúnta agus áitiúla sin nach gcaitear leis an bhithéagsúlacht ina haonar, ach go ndéantar í a chomhtháthú i bpleanáil, gníomhú ar son na haeráide, oidhreacht agus forbairt pobail ar fud na contae. Beidh rath an PGB seo i nDún na nGall ag brath ar chomhoibriú idir an rialtas, údaráis áitiúla, pobail, úinéirí talún, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus daoine aonair.

### 4.2.1 Creataí Domhanda

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna)**

Is sraith uilíoch spriocanna, aidhmeanna agus táscairí iad Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) ar ghlac Ballstáit uilig na Náisiún Aontaithe leo in 2015, atá deartha chun iarrachtaí domhanda a threorú i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos rathúla faoi 2030. As na 17 SFI, tá sé mar aidhm ag Sprioc 14 (Saol Faoi Uisce) na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus díríonn Sprioc 15 (Saol ar Talamh) ar úsáid inbhuanaithe éiceachórais talún a chosaint, a athchóiriú agus a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú go hinbhuanaithe, dul i ngleic le fásach, agus stad a chur le caillteanas bithéagsúlachta. I measc na spriocanna eile a bhfuil baint shuntasach acu leis an bhithéagsúlacht tá Sprioc 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe), Sprioc 13 (Gníomhú ar son na hAeráide) agus Sprioc 17 (Comhpháirtíochtaí do na Spriocanna). Tá spriocanna agus cuspóirí an PGB seo i nDún na nGall ailínithe le SFInna na Náisiún Aontaithe.

**An Coinbhinsiún maidir leis an Bhithéagsúlacht (CB)**

Is conradh domhanda é an Coinbhinsiún maidir leis an Bhithéagsúlacht (CB), ar glacadh leis in 1992, atá dírithe ar bhithéagsúlacht a chaomhnú, a húsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, agus comhroinnt chothrom na sochar ó acmhainní géiniteacha a chinntiú. Ceanglaítear ar thíortha ar nós na hÉireann pleananna bithéagsúlachta a fhorbairt, bithéagsúlacht a chomhtháthú i mbeartais, agus limistéir chosanta a bhunú. Le déanaí, tá spriocanna uaillmhianacha iar-2020 leagtha síos i gCreat Bithéagsúlachta Domhanda (CBD) an CB, go háirithe an tiomantas 30% ar a laghad de limistéir talún agus farraige a chosaint, éiceachórais a athbhunú, bagairtí ar an bhithéagsúlacht a laghdú, agus a chinntiú go dtacaíonn gach earnáil le spriocanna bithéagsúlachta.

**Comhaontú Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide**

Ghlac 196 Páirtí le Comhaontú Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ag COP21 i bPáras i mí na Nollag 2015. Is conradh idirnáisiúnta atá ina cheangal dlí é Comhaontú Pháras a bhfuil sé mar aidhm aige téamh domhanda a theorannú go dtí i bhfad faoi bhun 2°C, go dtí 1.5°C más feidir, i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha. Aithnítear ann an gaol intreach idir an t-athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht, agus leagann sé béim ar an ghá atá le réitigh éiceachórais-bhunaithe, cur chuige bunaithe ar an dúlra, agus cosaint na linnte carbóin nádúrtha amhail foraoisí, tailte portaigh agus aigéin. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide chun stad a chur le caillteanas bithéagsúlachta, agus, os a choinne sin, tá sé ríthábhachtach bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú maidir le maolú aeráide agus oiriúnú don aeráid.

### 4.2.2 Creataí Eorpacha

**Straitéis Bhithéagsúlachta an AE do 2030**

Tionscnamh suaitheanta is ea Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, 'An Dúlra a Thabhairt Ar Ais Inár Saol', atá ina cuid lárnach de Chomhaontú Glas na hEorpa. Is é an sprioc uileghabhálach atá aici ná meath na bithéagsúlachta ar fud na hEorpa a stad agus a iompú sa treo eile, lena chinntiú go mbeidh an dúlra ag teacht chuige féin ar mhaithe le daoine, an timpeallacht agus an aeráid faoi 2030. Leagtar amach sa straitéis cuspóirí uaillmhianacha forleathanacha, amhail limistéir chosanta a chruthú a chlúdaíonn 30% ar a laghad de thalamh agus farraige na hEorpa, agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú.

**Dlí Athchóirithe Dúlra**

Is céim mhór reachtach é an Dlí Athchóirithe Dúlra, ar ghlac Parlaimint na hEorpa leis ar an 27 Feabhra 2024, i dtreo spriocanna na Straitéise Bithéagsúlachta do 2030 a bhaint amach. Leagtar amach sa dlí sin spriocanna athchóirithe atá ina gceangal dlí do na Ballstáit, lena gceanglaítear orthu 20% ar a laghad de limistéir talún agus farraige an Aontais a athbhunú faoi 2030, agus é mar chuspóir fhadtéarmach na héiceachórais go léir atá i ngátar a athbhunú faoi 2050. Tá na spriocanna cuimsitheach agus tá feidhm acu ar fud éiceachórais éagsúla, lena n-áirítear talamh talmhaíochta, foraoisí, bogaigh, timpeallachtaí mara, agus limistéir uirbeacha. Ina theannta sin, sainordaítear leis an reachtaíocht faireachán agus tuairisciú rialta agus cuirtear iallach ar na Ballstáit pleananna náisiúnta athchóirithe a ullmhú ina leagtar amach cad é mar a bhainfidh siad amach na spriocanna sin. Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) ag forbairt an chéad Phlean Náisiúnta Athchóirithe Dúlra in Éirinn atá le foilsiú níos déanaí in 2026.

**Treoir an AE maidir le hÉin**

Glacadh leis an Treoir maidir le hÉin in 1979. Tá sé ar cheann de na chéad phíosaí reachtaíochta comhshaoil ar ghlac an tAontas Eorpach leis. Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le hÉin gach speiceas éan fiáin a fhaightear go nádúrtha san AE agus na gnáthóga is tábhachtaí atá acu a chosaint. Chomh maith le stad a chur le meath nó le himeacht speiceas éan, tá sé mar aidhm ag an Treoir ligean do speicis éan teacht chucu féin agus rath a bheith orthu san fhadtéarma.[9]

**Treoir an AE maidir le Gnáthóga**

Tá Treoir an AE maidir le Gnáthóga 1992 lárnach i mbeartas bithéagsúlachta an AE, agus é mar aidhm aici gnáthóga agus speicis neamhchoitianta nó faoi bhagairt a chaomhnú agus a athchóiriú. Cosúil leis an Treoir maidir le hÉin, ceanglaítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga ar gach Ballstát córas docht cosanta a bhunú do speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV, laistigh agus lasmuigh de láithreáin Natura 2000[10].

**Creat-Treoir Uisce an AE**

Féachann Creat-Treoir Uisce an AE le cosc a chur ar aon mheath bhreise ar riocht reatha na ndobharlach, agus iad a chosaint, a fheabhsú agus a n-athchóiriú a chinntiú agus é mar aidhm aige stádas dea-cháilíochta uisce a bhaint amach faoi 2027. Ina theannta sin, sainordaíonn sé comhlíonadh na gceanglas maidir le láithreáin ainmnithe agus ionchorpraíonn sé forálacha na Treorach Sliogéisc.


### 4.2.3 Creataí Náisiúnta

**4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht**

Leagtar amach i 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht (PGNB) an clár oibre náisiúnta bithéagsúlachta don tréimhse 2023-2030 agus tá sé mar

[9] https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive_en
[10] https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/habitats-directive_en

aidhm aige na hathruithe claochlaitheacha a bhaint amach a theastaíonn ar na bealaí ina ndéanann muid luach agus cosaint ar an dúlra. Forbraíodh an 4ú PGNB le tacaíocht, comhairle agus ionchur ón Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta idir-rannach agus ón Fhóram Bithéagsúlachta neamhspleách. Reáchtáladh an 2ú Comhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta in Éirinn chun léargas agus moltaí a bhailiú maidir le forbairt an PGNB agus reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí chun tuilleadh deiseanna a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an Phlean.




Féachann an 4ú PGNB le cur chuige "Rialtais Uilig, Sochaí Uilig" a spreagadh maidir le rialachas agus caomhnú na bithéagsúlachta. Is é an aidhm atá leis ná a chinntiú go bhfuil feasacht ag gach saoránach, pobal, gnó, údarás áitiúil, gníomhaireacht leathstáit agus stáit ar an bhithéagsúlacht agus ar a tábhacht, agus ar na himpleachtaí a bhaineann lena caillteanas, agus tuiscint a fháil fosta ar an dóigh ar féidir leo gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil bhithéagsúlachta mar chuid d'iarracht náisiúnta athnuaite chun "gníomhú ar son an dúlra".

Tógann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023-2030 seo ar éachtaí an Phlean roimhe seo.  Tá sé mar aidhm aige leanúint de ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi chuimsiú cúig chuspóir straitéiseacha, agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna úra agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn:

- Cuspóir 1 – Glac le Cur Chuige Rialtais Uilig agus Sochaí Uilig i leith na bithéagsúlachta
- Cuspóir 2 – Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe
- Cuspóir 3 – Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú
- Cuspóir 4 – Feabhas a chur ar an Bhonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an Bhithéagsúlacht
- Cuspóir 5 – Cuir leis an Mhéid a Dhéanann Éire le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bithéagsúlachta a Neartú

Faoin PGNB, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú faoi dheireadh 2026.  Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, le tacaíocht ó Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta, ag gníomhnú leis an riachtanas

sin a chomhlíonadh agus chun a céad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a sheachadadh i rith 2026.

**Na hAchtanna um Fhiadhúlra**

Soláthraíonn an tAcht um Fhiadhúlra 1976 (arna leasú, lena n-áirítear an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023), an príomhchreat reachtúil do chaomhnú an dúlra in Éirinn, lena n-áirítear cosaint éan fiáin, ainmhithe fiáine agus plandaí áirithe, ainmniú agus bainistiú Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna), agus rialáil gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do ghnáthóga nó cur isteach ar speicis chosanta. Leis an Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2023 (Uimh. 25 de 2023) déantar Acht 2000 a nuashonrú, neartaítear forálacha maidir le gnáthóga portaigh agus LONanna, agus tugtar isteach dleacht nua bithéagsúlachta san earnáil phoiblí. Cuireann an dualgas sin an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (PGNB) ar bhonn reachtúil agus ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí liostaithe (lena n-áirítear ranna Rialtais, gníomhaireachtaí, údaráis áitiúla agus comhlachtaí pleanála):

- aird a thabhairt ar chuspóirí agus ar spriocanna an PGNB agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu;
- breithnithe bithéagsúlachta a chomhtháthú ina bpleananna, ina mbeartais, ina gcláir agus ina gcinnteoireacht laethúil, agus
- tuairiscíonn siad go tráthrialta ar na bearta atá déanta acu, agus ar an dul chun cinn atá déanta.

**An Creat Náisiúnta Pleanála 'Éire 2040'**

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála 'Éire 2040' straitéis fhadtéarmach na hÉireann maidir le forbairt spásúil inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil. Cuireann sé fás agus caomhnú eacnamaíoch cothrom chun cinn, le fócas ar an bhithéagsúlacht trí bhearta cosúil le láithreáin agus speicis ainmnithe a chosaint. Is mór ag an chreat bonneagar glas (páirceanna, coillearnacha) agus gorm (aibhneacha, lochanna, cósta) araon chun tacú le fiadhúlra, seirbhísí éiceachórais, agus folláine an phobail.

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide**

Leagtar amach i bPlean bliantúil Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide, a fhaigheann tacaíocht ón Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, buiséid charbóin 5 bliana agus spriocanna earnála atá ina gceangal dlí. Cuirtear i bhfeidhm é go háitiúil trí Phleananna Gníomhaíochta na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar laghdú astaíochtaí agus ar oiriúnú don aeráid. Téama lárnach is ea réitigh nádúrtha a úsáid. Is féidir le bearta amhail athfhliuchadh tailte portaigh, cruthú coillearnach dúchasach, athchóiriú aibhneacha agus bogaigh, agus cosaint gnáthóg cósta astaíochtaí a laghdú, carbón a stóráil, riosca tuilte a laghdú agus cáilíocht uisce a fheabhsú. B'fhéidir go bhféadfadh dícharbónú agus

oiriúnú a bheith ina ndeiseanna móra chun gnáthóga a athbhunú agus a nascadh, ionas go neartóidh gníomhú ar son na haeráide agus feabhsú bithéagsúlachta a chéile seachas dul san iomaíocht.

**Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023–2028**

Tá PGB Dhún na nGall treoraithe fosta ag Plean Straitéiseach 2023–2028 na Comhairle Oidhreachta, Ár nÁit san Am, a aithníonn athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta mar cheann de na sé phríomhthosaíocht straitéiseacha. Tacaíonn an plean leis na nithe seo a leanas:

- Oifigigh Bhithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil chun gníomhaíocht bhithéagsúlachta a threorú ag leibhéal na contae,
- Rannpháirtíocht an phobail agus oideachas chun feasacht agus maoirseacht a chothú,
- Réitigh dhúlra-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus bhithéagsúlachta,
- Comhpháirtíochtaí ar fud earnálacha chun torthaí comhroinnte a sheachadadh, agus
- Gníomhaíocht fhianaise-bhunaithe trí thaighde, monatóireacht agus comhroinnt sonraí.

Léiríonn PGB Dhún na nGall na tosaíochtaí sin trí bhithéagsúlacht a leabú in oibríochtaí na Comhairle, tacú le gníomhaíocht faoi stiúir an phobail, agus comhoibriú a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha.

**Plean Pailneoirí Uile-Éireann**

Is creat é an Plean Pailneoirí Uile-Éireann (PPUÉ) a thugann earnálacha éagsúla le chéile ar fud oileán na hÉireann chun tírdhreach a chruthú inar féidir le pailneoirí maireachtáil agus rath a bheith orthu. Is é an tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta a chuireann i bhfeidhm é agus déanann grúpa stiúrtha uile-oileáin 15 bhall maoirseacht air.

Tá trian dár speicis de bheach fiáine i mbaol díothaithe. Tá sé sin amhlaidh go príomha toisc go bhfuil laghdú mór tagtha ar an mhéid bia agus ar shuíomhanna neadaithe sábháilte a thacaíonn leo, mar gheall ar lotnaidicídí, lotnaidí agus galair, agus athrú aeráide.

Le cuidiú le dul i ngleic leis an tsaincheist sin, bunaíodh an Plean Pailneoirí Uile-Éireann in 2015. Ag obair le húdaráis áitiúla, gnólachtaí, feirmeoirí, pobail, scoileanna, clubanna spóirt, agus garraíodóirí, soláthraíonn sé treochlár soiléir chun ár dtírdhreach a bhainistiú le tacú le feithidí pailnithe.

**Cearta an Dúlra**

Éilíonn an ghluaiseacht um Chearta an Dúlra aitheantas dlíthiúil don dúlra mar a bhfuil a chearta féin aige.  Cé nár ghlac Éire go foirmiúil leis an chreat sin go fóill, tá tacaíocht an

phobail, atá ag fás, agus dlíthe úra an AE, amhail an Dlí Athchóirithe Dúlra, ag brú na tíre i dtreo cosaintí dlíthiúla níos láidre d'éiceachórais. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall iniúchadh ar choincheap Chearta an Dúlra agus rianóidh sí treoir náisiúnta de réir mar a thagann sé chun cinn.

### 4.2.4 Pleananna Chomhairle Contae Dhún na nGall

**Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024 - 2029**

Leagtar amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall a fhís, a mhisean agus a chroíluachanna, a threoraíonn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal. Tá an creat straitéiseach fréamhaithe i gcarachtar uathúil Chontae Dhún na nGall agus tá sé bunaithe ar chúig phríomhsprioc straitéiseacha: seirbhísí a sholáthar, fás a chumasú, gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú, acmhainn eagrúcháin a fhorbairt agus pobail a chumhachtú agus tacú leo.

Gníomh amháin atá ailínithe go soiléir le haidhmeanna Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall is ea 'an chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta de chuid Chontae Dhún na nGall a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tionscnaimh a chur ar fáil chun feasacht a mhúscailt, taighde a choimisiúnú, comhairle a chur ar fáil, tacú leis an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir leis an bhithéagsúlacht'.

Déantar plé iomlán ar na gnéithe sin agus déantar iniúchadh breise orthu in PGB Dhún na nGall.

**Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024–2030**

Leagtar amach in Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024–2030 beartais chun oidhreacht nádúrtha agus bonneagar glas/gorm a chosaint agus a fheabhsú, cosúil le haibhneacha, portaigh, inbhir agus tránna. Tacaíonn sé le réitigh nádúrtha maidir le bainistíocht tuilte, cáilíocht uisce, oiriúnú aeráide, agus sláinte phoiblí. Beidh sé ríthábhachtach iad sin a chur i bhfeidhm trí phleanáil le cuidiú le stad a chur ar chaillteanas breise na bithéagsúlachta agus le hoibriú i dtreo bithéagsúlacht a fheabhsú agus a athbhunú i nDún na nGall.

Tugtar aghaidh ar chosaint na bithéagsúlachta go príomha trí Chuspóir BIO-O-1 agus Cuspóir BIO-O-2 agus Beartais BIO-P-1 go BIO-P-5 de Chaibidil 11 (Oidhreacht Nádúrtha, Thógtha agus Seandálaíochta) de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024–2030:

- Bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú (BIO-O-1),
- Aird a thabhairt ar chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus na Straitéise Náisiúnta Tailte Portaigh,
- Láithreáin Eorpacha agus speicis na hIarscríbhinne a chosaint (BIO-P-1),

- Láithreáin ainmnithe eile agus speicis an Achta um Fhiadhúlra (BIO-P-2) a chosaint,
- Gnéithe bithéagsúlachta áitiúla a choinneáil agus a fheabhsú (BIO-P-3),
- Tabhairt isteach agus scaipeadh speiceas coimhthíoch ionrach (BIO-P-4) a rialú, agus
- Tacú le pailneoirí (BIO-P-5).

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2023-2029**

Is é PÁEP Dhún na nGall 2023–2029 an "scáthphlean" reachtúil sóisialta, eacnamaíochta agus pobail don chontae. Is é an príomhchuspóir atá leis fís chomhroinnte a leagan síos do thodhchaí Dhún na nGall agus comhordú a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn an Chomhairle, gníomhaireachtaí, pobail agus páirtithe leasmhara le chéile chun torthaí níos fearr a bhaint amach i réimsí amhail an geilleagar agus fostaíocht, sláinte agus folláine, forbairt pobail, cultúr agus teanga, bonneagar agus gníomhú ar son na haeráide. Téann sé leis (agus cuireann sé leis) an Phlean Forbartha Contae.

Laistigh den chreat níos leithne sin, cuireann an PÁEP teacht aniar aeráide, caipiteal nádúrtha agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn go soiléir mar thosaíochtaí leathana. Faoi Sprioc Ardleibhéil 1, geallann Cuspóir 1.3 timpeallacht Dhún na nGall a chosaint, a athchóiriú agus a fhorbairt go hinbhuanaithe, agus cuimsíonn sé gníomh sonrach chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na contae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm (Gníomh 1.3.2). Tacóidh PGB Dhún na nGall go díreach le seachadadh na gníomhaíochta sin agus tabharfaidh sé éifeacht phraiticiúil do ghealltanais an PAÉP maidir leis an dúlra, teacht aniar aeráide agus an geilleagar glas.

**Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2023–2030**

Tá sé mar aidhm ag Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall oibriú le chéile chun ár n-oidhreacht a bhainistiú, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh go freagrach, léirthuiscint a chothú agus luachanna ár n-oidhreachta saibhre a chur in iúl do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht. Bainfidh Comhairle Contae Dhún na nGall an sprioc sin amach trí acmhainní do sheirbhísí oidhreachta a fheabhsú, trí rannpháirtíocht agus tacaíocht a thabhairt do phobail maidir le bainistiú ár n-oidhreachta, feasacht agus léirthuiscint ar ár n-oidhreacht a mhúscailt, comhairle a chur ar fáil, dea-chleachtas a chur chun cinn agus taighde úr a choimisiúnú. Is féidir an Plean Oidhreachta a fháil ar líne ag www.donegalculture.ie/en/services/heritage/plans.

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024–2029**

D'fhoilsigh Comhairle Contae Dhún na nGall a chéad Phlean Gníomhaithe Aeráide Údaráis Áitiúil 2024-2029 go luath in 2024. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe Aeráide spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha Chomhairle Contae Dhún na nGall chun

éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú ar fud na heagraíochta. Pléann sé fosta leis an dóigh a nglacfaidh an Chomhairle ról ceannaireachta níos leithne sa chontae trí thacú le pobail áitiúla, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile gníomhú ar son na haeráide. Is é aidhm an Phlean go mbeidh teacht aniar ag Dún na nGall ó thaobh na haeráide de, lán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh carbóin de faoi dheireadh 2050. Tá PGB Dhún na nGall i ndiaidh na gníomhartha laistigh den PAÉP agus an t-aiseolas a fuarthas le linn chomhairliúchán PAÉP a chur san áireamh chun PGB praiticiúil, réalaíoch agus comhlántach Dhún na nGall a fhorbairt, go háirithe maidir le ceann de na príomhthéamaí – an Comhshaol Nádúrtha agus an Bonneagar Glas.

# Caibidil 5: Cás-Staidéir Bithéagsúlachta i gContae Dhún na nGall


Tá stair bhródúil ag Contae Dhún na nGall maidir le gníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta. Ar fud na contae, tá léar daoine aonair, grúpaí pobail agus eagraíochtaí ag obair gan stad gan staonadh chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú. Ó thionscadail chaomhnaithe áitiúla go hathchóiriú gnáthóg agus monatóireacht ar speicis, tá líonra dochreidte daoine ann cheana féin atá tiomanta do bhithéagsúlacht shaibhir Chontae Dhún na nGall a chosaint. Soláthraíonn a gcuid iarrachtaí bunús láidir do thionscnaimh amach anseo agus léiríonn siad cumhacht an chomhoibrithe maidir le cúram a thabhairt dár dtimpeallacht.  Tá roinnt samplaí de thionscadail agus de thionscnaimh le feiceáil thíos.

## 5.1 Tionscadal LIFE an Traonaigh

Tá sé mar aidhm ag Tionscadal LIFE an Traonaigh, a seoladh i mí an Mhárta 2022 le maoiniú €5.9 milliún ón AE, daonraí traonach a athbhunú go príomha i gContae Dhún na nGall agus i gcodanna de Chonnacht. Comhoibríonn an tionscadal le feirmeoirí agus úinéirí talún ag suíomhanna ar nós Cionn Mhálanna agus Inis Bó Finne chun gnáthóga a bhainistiú, moill a chur ar bhaint an fhéir, agus modhanna atá oiriúnach don fhiadhúlra a úsáid. Go dtí seo, bainistíodh beagnach 1,500 heicteár le 250 feirmeoir, athchóiríodh féarach traidisiúnta, agus úsáideadh teicnící nuálacha cosúil le dróin theirmeacha agus monatóireacht fhuaimiúil. Tá méadú 45% tagtha ar chríocha traonach ó 2018 i leith. Tá tábhacht chultúrtha i gContae Dhún na nGall fós ag baint leis an traonach. Foghlaim níos mó ag www.corncrakelife.ie.

## 5.2 SAOL an an Mhachaire

Tionscadal sé bliana atá maoinithe ag an AE is ea SAOL ar an Mhachaire a mhairfidh ó 2022 go 2028. Forbraíodh an tionscadal chun oibriú le feirmeoirí, úinéirí talún agus pobail áitiúla le gréasán na hÉireann de chórais Mhachaire agus pobail ghaolmhara pórúcháin agus pailneoirí a chosaint agus a athchóiriú.




*Protecting and restoring Ireland's network of machair systems and associated breeding wader and pollinator communities*

Tá naoi sprioc-cheantar sa tionscadal, lena n-áirítear Gaoth Dobhair agus Corrán Binne i gContae Dhún na nGall. Is ionann na sprioclimistéir sin agus sampla de shuíomhanna Machaire in Éirinn atá ina suíomhanna tábhachtacha le haghaidh pórúcháin agus pailneoirí.  Is féidir tuilleadh eolais agus tionscadail cothrom le dáta a fháil ag www.lifeonmachair.ie/.

Tá an tionscadal SAOL ar an Mhachaire á chomhordú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) trí chomhoibriú le comhpháirtithe tionscadail, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Teagasc agus Fáilte Éireann.

## 5.3 Dúlra an Atlantaigh Fhiáin LIFE

Tionscnamh naoi mbliana, arna mhaoiniú ag an AE, is ea Tionscadal Comhtháite LIFE, Dúlra an Atlantaigh Fhiáin a bheidh á reáchtail ó 2021 go 2029, le buiséad €20.6 milliún. Tá sé mar aidhm aige feabhas a chur ar stádas caomhnaithe na bratphortach agus na ngnáthóg gaolmhar laistigh de líonra Natura 2000 na hÉireann, ag díriú ar 35 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna(Caomhnú)) ar fud an iarthuaiscirt, lena n-áirítear príomhshuíomhanna i gContae Dhún na nGall ar nós: Gleann Cholm Cille, Sliabh Liag agus Sléibhte Dhoire Bheatha. Oibríonn an tionscadal go dlúth le feirmeoirí agus le pobail, ag tabhairt isteach scéim cheannródaíoch, Scéim Íocaíochta Bunaithe ar Thorthaí, a thugann luach saothair d'úinéirí talún bunaithe ar cháilíocht na ngnáthóg seachas gníomhartha atá leagtha síos, agus a spreagann bainistíocht inbhuanaithe. I measc na n-éachtaí atá bainte amach go dtí seo tá oiliúint curtha ar níos mó ná 150 feirmeoir agus comhairleoir, na céadta feirmeoir cláraithe le SÍBT, agus bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm mar rialú speiceas ionrach, bainistíocht uisce, agus cosc dóiteáin. Bhí rannpháirtíocht an phobail lárnach, le grúpaí tacaíochta áitiúla, cláir oideachais scoile, agus feachtais feasachta seolta chun maoirseacht a chothú.  Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.wildatlanticnature.ie/.

## 5.4 Lapairí Pórúcháin CNE



Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Lapairí Pórúcháin na daonraí Lapairí Porúcháin atá ann cheana a dhaingniú agus tacú le téarnamh daonra fríd bhainistíocht tírdhreacha agus forbairt beartais. Is tionscadal €25 milliún é an tionscadal CNE-Agri seo ar fud na tíre, arna chómhaoiniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.breedingwaders.ie.

*Léaráid © Robert Vaughan*

## 5.5 Cláir CUÚÁ

Oibríonn Cláir Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) thar ceann 31 údarás áitiúil na hÉireann chun dea-cháilíocht uisce inár n-aibhneacha, lochanna, inbhir, screamhuisce agus uisce cósta a chosaint agus a athbhunú trí eolaíocht dobharcheantair agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil.

Cuireann CUÚÁ trí phríomhshruth maoinithe ar fáil faoi láthair chun tacú le tionscadail cáilíochta uisce agus bithéagsúlachta, gach ceann acu dírithe ar cháilíocht uisce a fheabhsú agus rannpháirtíocht an phobail a chothú.

1. An Ciste Forbartha Uisce Pobail, a sholáthraíonn deontais do thionscnaimh faoi stiúir an phobail cosúil le hathchóiriú abhann, baint speiceas ionrach, agus réitigh bunaithe ar an dúlra,
2. An Ciste Tacaíochta Dobharcheantair, a chuidíonn le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le grúpaí pobail le croíchostais agus le forbairt acmhainne chun Plean Gníomhaíochta Uisce na hÉireann a sheachadadh, agus
3. Scéim Deontais agus Imeachtaí Beaga, a chuireann maoiniú ar fáil le haghaidh imeachtaí feasachta áitiúla agus le haghaidh gníomhaíochtaí ar scála beag amhail eolaíocht saoránach, ceardlanna agus glanadh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.lawaters.ie.

## 5.6 Tionscadail Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag gníomhú ar son na bithéagsúlachta le blianta fada fríd ranna éagsúla, ach go straitéiseach ag Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall fríd leagacha éagsúla de Phleananna Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a sheachadadh. Anois, comhlánaíonn Oifig Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall an ról sin, ag breathnú níos doimhne ar ghníomhartha na Comhairle maidir leis an bhithéagsúlacht

agus ag cur acmhainní breise ar fáil le spriocanna a bhaint amach ar an talamh. Tá cúpla sampla curtha san áireamh againn de thionscadail a tharla nó atá ar siúl sa chontae, arna maoiniú nó arna gcomhordú ag Comhairle Contae Dhún na nGall.

### 5.6.1 Suirbhéireacht Bogaigh Chontae Dhún na nGall

Le páirtmhaoiniú ón Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil de chuid SPNF, le trí bliana anuas (2023-2025), rinneadh suirbhé ar 65 láithreán bogaigh ar fud Chontae Dhún na nGall mar chuid de shraith suirbhéanna bogaigh agus é mar aidhm acu léargas a fháil ar an acmhainn bogaigh i gContae Dhún na nGall nach bhfuil cosanta faoin reachtaíocht. Sainaithníodh go leor suíomhanna a bhfuil tábhacht mhór caomhnaithe leo, lena n-áirítear ceithre shuíomh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, 45 láithreán a bhfuil tábhacht chontae leo agus 13 a bhfuil tábhacht mhór áitiúil leo, lena n-áirítear gnáthóga ar nós: idirsheascainn, lochanna, corcacha giolcaí, bratphortach gníomhach, lochanna diostrófacha, fraochmhá fliuch agus móinéir Fionnáin

Roghnaíodh na suíomhanna sin gach bliain ó thionscadal Suirbhéireacht Bogaigh Chontae Dhún na nGall 2021 agus 2022 (Foss et al. 2021 agus Crushell et al 2022), áit ar aithin an suirbhé deisce tosaigh 898 láithreán i gContae Dhún na nGall nach raibh mórán eolais éiceolaíochta ar fáil ina leith. Tugann torthaí na suirbhéanna allamuigh sin le fios go bhféadfadh go leor suíomhanna bogaigh tábhachtacha a bheith fós gan aithint ar fud Chontae Dhún na nGall agus beidh gá le tuilleadh suirbhéanna chun feabhas a chur ar ár n-eolas ar oidhreacht bhogaigh na contae.

### 5.6.2 Ag Tacú le Lapairí Pórúcháin Dhún na nGall

Tá maoiniú curtha ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall fríd Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil de chuid SPNF ó 2022–2025, le cothabháil agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhálta creachadóirí ag príomhshuíomhanna pórúcháin i gContae Dhún na nGall. Ba é an príomhaidhm do 2025 ná ceithre cinn de na cúig sconsa frithchreachadóirí a choinneáil, agus Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhóir á bhainistiú ag SPNF. Rinneadh obair allamuigh lena chinntiú go raibh na sconsaí ag feidhmiú go héifeachtach le linn an tséasúir pórúcháin agus le monatóireacht a dhéanamh ar na daonraí chun treochtaí leanúnacha a oibriú amach. Socraíodh gur chóir go mbeadh monatóireacht leanúnach ag gach suíomh ina bhfuil sconsa in úsáid mar thosaíocht, le hoibriú éifeachtach a chinntiú agus le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí pórúcháin ag na suíomhanna sin. Fuarthas amach go bhfuil suíomhanna ina bhfuil sconsaí frithchreachadóirí i measc líon beag suíomhanna in Éirinn ina bhfuil daonraí pórúcháin ag méadú i gcomhthéacs meath leanúnach.

### 5.6.3 Eolaíocht Saoránach agus Ardú Feasachta

Is é an rud atá i gceist leis an tionscadal Bithéagsúlacht Dhún na nGall a chur ar an Léarscáil ná clár gníomhaíochtaí eolaíochta saoránach, suirbhéanna fiadhúlra, taispeántais ghníomhaíochta praiticiúla agus gníomhaíochtaí oideachais bithéagsúlachta le cuidiú le níos mó taifead bitheolaíoch Dhún na nGall agus gníomh praiticiúil le tacú leis an bhithéagsúlacht a chur ar an léarscáil. Tá imeachtaí, siúlóidí agus cainteanna éagsúla comhordaithe agus curtha chun cinn ag Comhairle Contae Dhún na nGall do réimse daoine le foghlaim faoi bhithéagsúlacht áitiúil agus dul i dtaithí uirthi. Bíonn comhchruinniú de na gníomhaíochtaí ar siúl le linn na Seachtaine Náisiúnta Bithéagsúlachta i mí na Bealtaine agus na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa. In 2024 agus 2025 bhí 67 imeacht maoinithe, comhordaithe ag Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, nó ghlac sí páirt iontu, imeachtaí a chuaigh i bhfeidhm ar thart ar 1800 duine agus a rinne ceiliúradh ar gach cineál fiadhúlra ó sciatháin leathair go bumbóga agus ó thránna go portaigh.




**Grianghraf 2: Bí i do Thaiscéalaí Bithéagsúlachta ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Seachtain na Bithéagsúlachta (Grianghraf: Johnny Corry)**



**Grianghraf 3: Fiosraigh do Chladach; sraith imeachtaí arna reáchtáil ag Meitheal na Mara le linn Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta 2025. (Grianghraf: Comhairle Contae Dhún na nGall)**

### 5.6.4 Gníomhaíocht phraiticiúil do phailneoirí

Ní rud úr é spásanna a bhainistiú don dúlra i gComhairle Contae Dhún na nGall. Níl le déanamh agat ach siúl trí Pháirc na nEalaí, Páirc Amazing Grace nó cois cladaigh Bhun Cranncha i rith an tsamhraidh chun an réimse iontach bláthanna fiáine dúchasacha, crainn dhúchasacha, úlloird faoi bhláth agus mion-óstáin beacha a fheiceáil, ag tacú le bithéagsúlacht Bhun Cranncha bliain i ndiaidh bliana. Tá garraíodóirí an bhaile ansin ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhaíocht bhithéagsúlachta agus trí Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall a sheachadadh, tá sé mar aidhm ag an Chomhairle aithris a dhéanamh ar an cur chuige sin, nuair is féidir, i spásanna oscailte eile. Tá méadú tagtha cheana féin ar líon na suíomhanna atá á mbainistiú againn anois do phailneoirí agus tá sé i gceist againn níos mó a dhéanamh sna blianta amach romhainn.

Ó mhóinéir a bhíonn faoi bhláth ar feadh i bhfad, 'Bleibíní do Bheacha' a chur nó 'Crainn do Bheacha' a chur, tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh agus an gníomh dearfach sin, agus an teachtaireacht thábhachtach a bhaineann leis, a scaipeadh ar fud na contae.



**Grianghraf 4 – Móinéar an earraigh ag tosú ag bláthú i bPáirc na nEalaí, Bun Crannchа. (Sonraí an ghrianghrafadóra: George McDermott)**



**Grianghraf 5 – Baill foirne de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall ag cur Bleibíní do Bheacha ag ISP Leitir Ceanainn don tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 (Sonraí an ghrianghrafadóra: Charlie Joe Doherty)**

# Caibidil 6: Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall

Tá áilleacht nádúrtha agus saibhreas éiceolaíoch neamhghnách le fáil i gContae Dhún na nGall. Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall (2026–2030)** fís shoiléir uaillmhianach:

**Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall a chosaint, a athchóiriú agus a cheiliúradh, lena chinntiú go mbeidh rath ar an dúlra in éineacht le daoine, agus go bhfaighidh na glúnta atá le teacht contae mar oidhreacht atá saibhir ó thaobh an fhiadhúlra agus éiceachórais shláintiúla de.**

Aithníonn an fhís sin bithéagsúlacht, ní hamháin mar rud le caomhnú, ach mar rud le ceangal leis, foghlaim uaithi agus maireachtáil in éineacht léi.

Tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall ailíniú leis na spriocanna uileghabhálacha maidir le caillteanas bithéagsúlachta a stad agus a iompú sa treo eile faoi 2030, gnáthóga díghrádaithe a chur ar ais i riocht maith, bithéagsúlacht a leabú ar fud fheidhmeanna na comhairle agus eagraíochtaí comhpháirtíochta agus tacú le gníomhaíocht pobail agus páirtithe leasmhara. Tugann an Plean tús áite do ghníomhaíochtaí lena mbaintear buntáistí iomadúla amach don bhithéagsúlacht, don aeráid, don uisce, don tsláinte agus don fholláine, agus don gheilleagar.

Tá Iniúchtaí ar Speicis Chontae Dhún na nGall (Fitzgerald Ecology, 2024; 2025) mar bhonn taca ag PGB Dhún na nGall, a thugann le chéile forbhreathnú cuimsitheach ar fud na contae a rinneadh le déanaí ar bhithéagsúlacht Dhún na nGall. Tiomsaíonn iniúchadh flóra agus fungais 2024 os cionn 4,000 tacsón agus sainaithnítear na céadta speiceas tosaíochta a bhaineann le hábhar imní náisiúnta agus réigiúnach, agus déanann iniúchadh fána 2025 achoimre ar an eolas reatha do ghrúpaí ainmhithe agus leagtar amach clár téamaí d'obair shuirbhé agus monatóireachta amach anseo.

Cuirfear an Plean i bhfeidhm trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí pobail, úinéirí talún, taighdeoirí agus gnólachtaí.

Dá bhrí sin, tá cúig théama le cuspóirí comhfhreagracha ag cur bac ar an PGB seo i nDún na nGall:

- **Téama 1. Bailiú Sonraí, Mapáil agus Taighde**
- **Téama 2. Bithéagsúlacht a leabú in Oibríochtaí na Comhairle trí Bheartas agus Oiliúint**
- **Téama 3. Beart de réir ár mBriathar – An dóigh a ndéanann muid bithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcleachtais oibre**

- **Téama 4. Cur leis an fheasacht agus leis an cheangal atá ag daoine maidir le Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall**
- **Téama 5. Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara**

## 6.1 Téama 1: Bailiú Sonraí, Mapáil agus Taighde

**Cuspóir: Ag obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile, tacóidh Comhairle Contae Dhún na nGall le taighde, monatóireacht agus mapáil, chun eolas níos fearr a chur ar ghníomhaíocht bhithéagsúlachta sa chontae agus tuairisciú a dhéanamh air.**

Tugann an téama seo breac-chuntas ar thiomantas Chomhairle Contae Dhún na nGall oibriú i gcomhar le comhpháirtithe, pobail agus saineolaithe chun faisnéis bithéagsúlachta a bhailiú, a mhapáil agus a roinnt a chuirfidh bonn eolais faoi ghníomhaíocht agus beartas.

Ní féidir bithéagsúlacht a thuiscint ná a chosaint gan eolas. I gContae Dhún na nGall, is ábhar bróid agus freagrachta é saibhreas ár n-oidhreachta nádúrtha. Le blianta beaga anuas, tá na mílte taifead ar speicis, ó go leor foinsí éagsúla, curtha le chéile ag *Iniúchtaí ar Speicis Chontae Dhún na* nGall (Fitzgerald Ecology, 2024; 2025), ag dearbhú bhithéagsúlacht eisceachtúil Dhún na nGall agus ag cur béim ar bhearnaí tábhachtacha inár n-eolas. Tiomsaíonn an t-iniúchadh flóra agus fungais os cionn 4,000 tacsón ar fud plandaí, algaí, léicin, brífítí agus fungais, agus déanann an t-iniúchadh fána achoimre ar staid an eolais do ghrúpaí ainmhithe agus molann sé clár suirbhéanna tosaíochta. Léiríonn na hIniúchtaí sin gur contae é Dún na nGall a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis do go leor speiceas agus gnáthóg, ach fosta go bhfuil na sonraí míchothrom. Tá roinnt grúpaí (amhail éin agus plandaí soithíocha) agus áiteanna áirithe (ar nós Gleann Bheatha, Loch Súilí agus Inis Eoghain) taifeadta réasúnta maith, a fhad is nach bhfuil mórán suirbhéireachta déanta ar ghrúpaí/áiteanna eile, go háirithe inveirteabraigh, fánaí mara agus idirthaoideacha, ceantair shléibhe, portaigh, bogaigh bheaga agus oileáin amach ón chósta. Léiríonn siad fosta an gá atá le monatóireacht níos struchtúrtha, is féidir a dhéanamh arís le cur le taifid gan choinne agus eolaíocht saoránach.

Fríd chur chuige comhordaithe, tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag iniúchadh speiceas agus gnáthóg, monatóireacht a dhéanamh ar athrú éiceolaíoch, agus limistéir a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu a aithint. Ó shuirbhéireacht a dhéanamh ar thailte agus gnáthóga tábhachtacha atá á mbainistiú ag an chomhairle, go líonraí éiceolaíochta a mhapáil, cuideoidh na gníomhartha sin linn a aimsiú cá háit is mó a bhfuil iarrachtaí cosanta, athchóirithe agus feabhsúcháin de dhíth.

Aithníonn muid fosta an tábhacht a bhaineann le heolas áitiúil agus le rannpháirtíocht na saoránach. Trí thacú le heolaíocht saoránach, uasoiliúint a dheanamh ar chláraitheoirí bithéagsúlachta, agus dul i gcomhairle le húinéirí talún, cinnteoidh muid go mbeidh bailiú sonraí cuimsitheach, bunaithe ar eolas áitiúil, agus inbhuanaithe le himeacht ama.

Ní hamháin go dtreoróidh an bonn fianaise sin ár gcuid oibre féin ach tabharfaidh sé cumhacht do phobail, do thaighdeoirí agus do chinnteoirí gníomhú le muinín agus le soiléireacht le tacú leis an bhithéagsúlacht.

| **Téama 1. Bailiú sonraí, mapáil agus taighde**<br><br>**Cuspóir: Ag obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile, tacóidh Comhairle Contae Dhún na nGall le taighde, monatóireacht agus mapáil, chun eolas a dhéanamh do ghníomhaíocht bhithéagsúlachta sa chontae agus tuairisciú a dhéanamh uirthi.** | | |
|---|---|---|
| **Uimh. an Ghnímh** | **Gníomh** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** |
| **1.1** | Iniúchadh ar Speicis Chontae Dhún na nGall a chomhordú agus a roinnt agus díriú ar speicis agus gnáthóga tosaíochta le haghaidh tionscadail leantacha. | Tuarascáil iniúchta críochnaithe agus ar fáil go poiblí faoi 2026 |
| **1.2** | Tacú le suirbhéanna ar ghnáthóga na contae agus ar phríomhspeicis, ag cuidiú le bunlínte a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh ar athrú. | Líon na suirbhéanna a rinneadh gach bliain |
| **1.3** | Tabhairt faoi Iniúchadh Bithéagsúlachta Bhunachair Talún na Comhairle trí shuirbhé agus mapáil a dhéanamh ar phríomhshuíomhanna agus foirgnimh atá á mbainistiú ag an Chomhairle agus é mar aidhm aige tionscnaimh fhéideartha a aithint i dtaca le cosaint, feabhsú agus athchóiriú bithéagsúlachta. | Líon na suíomhanna agus na bhfoirgneamh a ndearnadh suirbhé orthu gach bliain |
| **1.4** | Tacú le forbairt Léarscáileanna Líonra Éiceolaíochta de phríomhlonnaíochtaí i gContae Dhún na nGall a mhúnlaíonn sócmhainní bithéagsúlachta atá ann cheana agus a shainaithníonn deiseanna chun gnáthóga féideartha a chruthú. | Líon na léarscáileanna agus na tuarascálacha ar tugadh tacaíocht dóibh faoi 2030 |
| **1.5** | Tacú le suirbhéireacht agus mapáil limistéir thábhachtacha bithéagsúlachta agus dul i mbun comhairliúcháin le húinéirí talún áitiúla. | Léarscáileanna deisce agus CFG críochnaithe faoi 2028 |
| **1.6** | Suíomhanna crann a bhfuil tábhacht mhór nó chultúrtha leo a mhapáil agus a dhigitiú ag baint úsáid as sonraí atá ann cheana féin agus ionchur ó mhuintir na háite. | Comhairliúchán agus ciseal CFG críochnaithe faoi 2030 |
| **1.7** | I gcomhpháirtíocht le daoine eile, iniúchadh a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do dheiseanna taighde bithéagsúlachta a fhaigheann tuilleadh eolais faoin bhithéagsúlacht i gContae Dhún na nGall. | Líon na dtionscadal atá críochnaithe faoi 2030 |

| | | |
|---|---|---|
| **1.8** | Tabhairt faoi staidéir ar chreimeadh cósta i gceantair chósta leochaileacha, moltaí a chur i bhfeidhm nuair is féidir agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhrú ó ghníomhaíochtaí turasóireachta agus áineasa. | Staidéir críochnaithe<br><br>Rannpháirtíocht leis an earnáil turasóireachta agus áineasa críochnaithe faoi 2028 |
| **1.9** | Úinéirí talún a fhostú le gnáthóga agus speicis thábhachtacha a aithint nár taifeadadh roimhe seo agus nach bhfuil taifeadta i gContae Dhún na nGall. | Faisnéis bailithe ó ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus curtha i láthair faoi 2030 |
| **1.10** | Tacú le huasoiliúint a dhéanamh ar níos mó cláraitheoirí sonraí bithéagsúlachta lena chinntiú go gcoimeádtar agus go méadaítear coimeád taifead bitheolaíoch i gContae Dhún na nGall. | Líon na seisiún oiliúna agus na rannpháirtithe gach bliain |

## 6.2 Téama 2: Bithéagsúlacht a leabú in Oibríochtaí na Comhairle fríd Bheartas agus Oiliúint

**Cuspóir: Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbeartas bithéagsúlachta agus comhsheasmhacht a chinntiú sa dóigh a gcosnaíonn Comhairle Contae Dhún na nGall a cuid bithéagsúlachta fríd fhorbairt beartais**

Leis an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh Comhairle Contae Dhún na nGall ceannaireacht le dea-shampla. Díríonn an chaibidil seo ar cheisteanna bithéagsúlachta a leabú i gcroílár oibríochtaí na comhairle, trí fhorbairt láidir beartais, oiliúint foirne, agus comhtháthú na bithéagsúlachta i gcinnteoireacht laethúil.

Ag aithint an ghá atá le comhsheasmhacht agus soiléireacht, déanfaidh an chomhairle athbhreithniú ar a nósanna imeachta inmheánacha chun ailíniú le hoibleagáidí náisiúnta bithéagsúlachta agus forbróidh sí sraith beartas a thugann aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha amhail speicis ionracha, úsáid lotnaidicídí, agus bainistíocht crann. Tacóidh Lámhleabhar Dea-Chleachtais Bithéagsúlachta leis na beartais sin, a aistreoidh reachtaíocht agus prionsabail éiceolaíochta ina dtreoir phraiticiúil do bhaill foirne ar fud na ranna.

Tá oiliúint agus forbairt acmhainne lárnach sa chur chuige sin. Ach an t-eolas agus na huirlisí a thabhairt don fhoireann chun bithéagsúlacht a mheas ina gcuid oibre, ó phleanáil agus tionscadail go bainistíocht cósta, rialú speiceas ionrach agus scéimeanna deontais, is féidir leis an chomhairle a chinntiú nach iarsmaoineamh í an bhithéagsúlacht, ach croíluach atá leabaithe i ngach oibríocht.

| **Téama 2. Bithéagsúlacht a leabú in oibríochtaí na Comhairle fríd bheartas agus oiliúint.**<br><br>**Cuspóir: Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbeartas bithéagsúlachta agus comhsheasmhacht a chinntiú a chinntiú sa dóigh a gcosnaíonn Comhairle Contae Dhún na nGall a cuid bithéagsúlachta fríd fhorbairt beartais** | | |
|---|---|---|
| **Uimh. an Ghnímh** | **Gníomh** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** |
| **2.1** | Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí agus nósanna imeachta na comhairle chun deiseanna ailínithe a aithint le gníomhartha údaráis áitiúil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus le riachtanais Dualgais Bithéagsúlachta. | Athbhreithniú críochnaithe faoi dheireadh 2026 |
| **2.2** | Lámhleabhar Dea-Chleachtais Bithéagsúlachta a chruthú a aistríonn reachtaíocht agus dea-chleachtas bithéagsúlachta go nósanna imeachta agus prótacail phraiticiúla. | Lámhleabhar dea-chleachtais críochnaithe faoi 2027 |
| **2.3** | Oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne agus do chonraitheoirí ábhartha ag baint úsáid as Lámhleabhar Dea-Chleachtais Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, a chlúdaíonn téamaí ar nós: bainistíocht fálta sceach, prótacail suirbhé ialtóg, obair in aice le sruthchúrsaí srl. Ní liosta uileghabhálach é sin. | Líon na seisiún oiliúna a seachadadh agus líon na mball foirne a d'fhreastail gach bliain |
| **2.4** | Sraith Beartas de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall a fhorbairt chun dul i ngleic le bainistíocht bithéagsúlachta dea-chleachtais, lena n-áirítear Speicis Choimhthíocha Ionracha, Laghdú Lotnaidicídí agus Crainn. | Beartais CCDG forbartha agus glactha faoi 2030 |
| **2.5** | Tacú le caomhnú na ngnáthóg muirí i gcomhréir le pleananna agus beartais náisiúnta. | Tacú le cláir nó le tionscadail de réir mar is gá |
| **2.6** | Cód cleachtais a fhorbairt d'aon oibreacha a bheidh ar siúl ar dhumhcha agus ar ghnáthóga íogaire cósta agus úruisce eile nó gar dóibh. | Cód cleachtais i bhfeidhm faoi 2028 |
| **2.7** | Trí pholasaithe BIO-P-1 go BIO-P-5 de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024 – 2030 a chur i bhfeidhm, ról a imirt maidir le bithéagsúlacht a chosaint fríd<br>• A chinntiú nach mbeidh drochthionchar suntasach ag forbairtí úra ar shláine láithreáin Natura 2000,<br>• Láithreáin ainmnithe eile a chosaint e.g. pNHAnna, RAMSAR agus Anaclanna Dúlra, agus<br>• Bithéagsúlacht atá ann cheana a chosaint sa timpeallacht níos leithne. | Fianaise ar bheartais a cuireadh i bhfeidhm |
| **2.8** | Dea-chleachtas bithéagsúlachta a chomhtháthú i gcáipéisí treorach do scéimeanna deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall ar nós Bailte Slachtmhara, Gníomhú ar son na hAeráide agus cistí pobail. | Meicníocht Seicliosta Bithéagsúlachta i bhfeidhm faoi 2027 |

| | | |
|---|---|---|
| **2.9** | Suirbhéanna bithéagsúlachta cuí a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú nuair is féidir trí scéimeanna na Comhairle, mar shampla, ach gan a bheith teoranta dóibh, cothabháil droichid, forbairtí tithíochta, tionscadail athghiniúna, tionscadail chaipitil, glasbhealaí, tionscadail bhóithre, forbairt cosán agus soláthar taitneamhachtaí. | Líon na dtionscadail a raibh maolú agus/nó feabhsuithe bithéagsúlachta san áireamh iontu gach bliain |
| **2.10** | Iniúchadh, i gcomhpháirtíocht le daoine eile, ar inmharthanacht chur i bhfeidhm an chur chuige um Chearta an Dúlra i gContae Dhún na nGall. | Fianaise ar chruinnithe agus comhairle a lorgaíodh maidir le CaD |

## 6.3 Téama 3: Beart de réir ár mBriathar – An dóigh a ndéanann muid bithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcleachtais oibre

**Cuspóir: Le beart a dhéanamh de réir ár mbriathar agus lena chinntiú go gcuirtear ár mbeartais dea-chleachtais i dtaca le bainistiú bithéagsúlachta i gcrích fríd bhainistiú ár spásanna glasa, ár limistéir phoiblí agus ár n-eastát, nuair is féidir.**

Le beartais láidre agus creataí oiliúna i bhfeidhm, is é an chéad chéim eile ná na gealltanais sin a chomhlíonadh, ar an talamh agus sna spásanna a bhainistíonn an chomhairle gach lá. Díríonn an chaibidil seo ar pholasaithe bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall a aistriú ina ngníomh inláimhsithe, infheicthe ar fud ár bpáirceanna, tailte poiblí, foirgnimh agus spásanna glasa.

Fríd bhainistíocht eolasach talún, beidh an chomhairle i gceannas ar shampla maidir le léiriú ar an dóigh ar féidir bithéagsúlacht a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú ar bhealaí praiticiúla. Ó speicis choimhthíocha ionracha (SCI) a rialú agus gnáthóga leathnádúrtha a bhainistiú, go crainn dhúchasacha a chur agus tacú le pailneoirí, léiríonn na gníomhartha sin athrú i dtreo maoirseacht nádúrtha dearfach ar ár réimse poiblí.

Tá ról lárnach ag Iniúchadh Bithéagsúlachta Bhunachar Talún na Comhairle maidir le deiseanna a aithint i dtaca le bainistiú agus athchóiriú gnáthóg inár gceantar féin, agus cinntíonn comhpháirtíochtaí le pobail agus le páirtithe leasmhara go bhfuil eolas agus luachanna áitiúla leabaithe inár gcur chuige.

| Téama 3. Beart de réir ár mBriarthar: An dóigh a ndéanann muid bithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcleachtais oibre<br><br>Cuspóir: Beart a dhéanamh de réir ár mbriathar agus a chinntiú go gcuirtear ár mbeartais dea-chleachtais i dtaca le bainistiú bithéagsúlachta i gcrích fríd bhainistiú ár spásanna glasa, ár limistéir phoiblí agus ár n-eastát, nuair is féidir. | | |
|---|---|---|
| **Uimh. an Ghnímh** | **Gníomh** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** |
| **3.1** | Leanúint ar aghaidh ag suirbhéireacht, ag mapáil agus ag nuashonrú dáileadh SCI ar thalamh atá á bhainistiú ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun bunachar sonraí cuimsitheach agus dinimiciúil a chruthú. | Léarscáileanna SCI nuashonraithe gach bliain |
| **3.2** | Pleananna bainistíochta Speiceas Coimhthíoch Ionrach a chruthú agus a chur i bhfeidhm do phríomhspeicis Choimhthíocha Ionracha ar thailte atá á mbainistiú ag Comhairle Contae Dhún na nGall. | Líon na bpleananna SCI atá i bhfeidhm faoi 2030<br><br>Líon na suíomhanna atá á mbainistiú gach bliain |
| **3.3** | Modhanna rialaithe malartacha SCI a thriail le húsáid a bhaint as na cinn is fearr ar bhonn níos leithne | Líon na dtrialacha faoi 2030 |
| **3.4** | Trí Iniúchadh Bithéagsúlachta Bhunachar Talún na Comhairle, gnáthóga leathnádúrtha atá ann cheana a shainaithint amhail féaraigh, coillearnacha, bogaigh agus fálta sceach, pleananna bainistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir mar is gá. | Líon na bpleananna bainistíochta atá i bhfeidhm<br><br>Maoiniú faighte le bainistíocht chuí a sholáthar |
| **3.5** | Crainn dhúchasacha agus crainn atá fabhrach do phailneoirí a chur ar thalamh atá á bhainistiú ag an chomhairle trí scéimeanna coillearnacha a chruthú, plandáil athsholáthair, tírdhreachú agus oibreacha caipitil. | Líon na gcrann a cuireadh gach bliain |
| **3.6** | Ag príomhshuíomhanna, limistéir bán áise a bhainistiú mar mhóinéir bláthanna gearra agus fada de réir threoir Phlean Pailneoirí Uile-Éireann (PPUÉ). | Líon agus achar bán áise a bainistíodh i gcomhréir le treoir PPUÉ gach bliain |
| **3.7** | Gníomhartha oiriúnacha eile de chuid na nÚdarás Áitiúil PPUÉ a ionchorprú i nósanna imeachta agus i dtionscadail Chomhairle Contae Dhún na nGall nuair is féidir, mar shampla boscaí beach, bainc beach agus díonta glasa | Gníomhartha PPUÉ a tuairiscíodh gach bliain do INSB |
| **3.8** | Cur fálta sceach dúchasach úr a chur chun cinn trí thionscadail na Comhairle in áiteanna cuí. | Fad na bhfálta sceach dúchasach a cuireadh gach bliain |
| **3.9** | Oibriú i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun scéim chaomhnaithe agus bainistíochta dea-chleachtais a bhunú do reiligí stairiúla i gContae Dhún na nGall. | Scéim chaomhnaithe agus bainistíochta i bhfeidhm faoi 2030 |

| | | |
|---|---|---|
| **3.10** | Oibriú le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí cuí le feasacht a ardú faoin damáiste a dhéanann baint neamhdhleathach gaineamh agus cloiche ó ghnáthóga cósta agus deiseanna a lorg le tacú le forfheidhmiú. | Líon na ngníomhaíochtaí rannphháirtíochta críochnaithe faoi 2030 |
| **3.11** | Suíomhanna oiriúnacha neadacha agus boscaí clóite a shainaithint ar thalamh agus ar eastát na Comhairle chun tacú le speicis amhail scréachóga reilige, gabhláin ghaoithe agus sciatháin leathair agus iad sin a thógáil nuair is féidir. | Líon na mboscaí atá curtha in airde agus in úsáid faoi 2030 |
| **3.12** | Soilsiú poiblí atá fabhrach don bhithéagsúlacht a iniúchadh agus é a úsáid nuair is féidir agus an Clár Aisfheistithe LED agus an Clár Laghdaithe Fuinnimh a sheachadadh, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar thionchar an tsolais a úsáidtear ar an bhithéagsúlacht | Líon na gcleachtas soilsithe atá fabhrach don bhithéagsúlacht i bhfeidhm faoi 2030 |
| **3.13** | Ag obair le daoine eile, imscrúdú a dhéanamh agus tacú le hionchorprú na Réiteach Dúlrabhunaithe (RDb) i dtionscadail faoi stiúir na Comhairle ar nós úsáid athchóirithe tailte portaigh, plandáil crann dúchasach, SuDanna agus díonta glasa i dtionscadail agus scálaí éagsúla, ag baint úsáid as treoir CUÚÁ RDb https://lawaters.ie/nbs-guidance-documents-and-resources/ | Líon na dtionscnaimh RDb atá seachadta faoi 2030 |

## 6.4 Téama 4: Cur leis an fheasacht agus leis an cheangal atá ag daoine maidir le Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall

**Cuspóir: Ceangal níos doimhne a chothú idir daoine agus an dúlra ar fud Chontae Dhún na nGall trí fheasacht a mhúscailt, rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh, agus tacú le tionscnaimh chuimsitheacha, faoi stiúir an phobail a dhéanann ceiliúradh agus cosaint ar ár mbithéagsúlacht áitiúil.**

Tá sé ríthábhachtach daoine a nascadh leis an bhithéagsúlacht chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur i gcrích. Nuair a fhoghlaimíonn daoine faoi fhiadhúlra áitiúil agus nuair a fhaigheann siad scileanna caomhnaithe, bíonn siad in ann gníomhú le chéile. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall cuidiú leis an oiread daoine agus is féidir tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le bithéagsúlacht a chosaint agus cén fáth a bhfuil gá le gníomh práinneach. Tá bithéagsúlacht le fáil in achan áit. I gceol na n-éan ó fhálta, na bláthanna fiáine ar thaobh an bhealaigh mhóir, agus dordán na mbeach i do gharraí. Ach uaireanta, ní thugann muid faoi deara í. Is éard atá i gceist le téama 4 ná cuidú le daoine ar fud Chontae Dhún na nGall athcheangal a dhéanamh leis an dúlra mórthimpeall orthu agus tuiscint a fháil ar cén fáth a bhfuil sé tábhachtach.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag iarraidh é a dhéanamh níos éasca do chách páirt a ghlacadh. Cé acu a bheith páirteach i siúlóid dúlra threoraithe, páirt a ghlacadh i dtionscadal eolaíochta saoránach, crainn a phlandáil, nó foghlaim fán dóigh le haire a thabhairt do ghnáthóga áitiúla, tá an oiread sin bealaí ann chun gníomhú. Beidh muid ag tacú le himeachtaí, cainteanna, tionscadail chruthaitheacha, agus laethanta deonacha praiticiúla a thugann daoine le chéile agus a thógann grá comhroinnte dár bhfiadhúlra áitiúil.




Ba mhaith linn fosta a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar an eolas agus ar an tacaíocht cheart. Ciallaíonn sé sin comhairle a roinnt ar líne agus go pearsanta, cuidiú le daoine maoiniú a fháil, agus cláir náisiúnta a chur chun cinn a spreagann daoine óga le bheith páirteach. Ó ghairdíní scoile go móinéir phobail, ó ealaín atá spreagtha ag an dúlra go reiligí atá fabhrach don bhithéagsúlacht, tá áit ann do gach duine a gcuid féin a dhéanamh ar son an dúlra.

Léaráid © Ruth Graham

| **Téama 4. Cur leis an fheasacht agus leis an cheangal atá ag daoine maidir le Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall**<br><br>**Cuspóir: Ceangal níos doimhne a chothú idir daoine agus an dúlra ar fud Chontae Dhún na nGall fríd fheasacht a mhúscailt, rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh, agus tacú le tionscnaimh chuimsitheacha faoi stiúir an phobail a dhéanann ceiliúradh agus cosaint ar ár mbithéagsúlacht áitiúil** | | |
|---|---|---|
| **Uimh. an Ghnímh.** | **Gníomh** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** |
| **4.1** | Imeachtaí éagsúla, siúlóidí agus cainteanna a chomhordú agus a chur chun cinn do réimse daoine le foghlaim faoin bhithéagsúlacht áitiúil agus taithí a fháil, go háirithe le linn seachtainí téamacha agus cláir a cheiliúrann Comhairle Contae Dhún na nGall, mar shampla Bealtaine, Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, Seachtain Oidhreachta Náisiúnta, Seachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide, Wainfest, Seachtain na hEolaíochta agus Scileanna don tSaol | Líon na siúlóidí, cainteanna, imeachtaí agus rannpháirtithe gach bliain |
| **4.2** | Tionscnaimh múscailte feasachta a chur chun cinn a chuireann gnáthóga agus speicis thábhachtacha chun cinn, atá speisialta do Chontae Dhún na nGall. | Líon na dtionscnamh a cuireadh chun cinn gach bliain |
| **4.3** | Tionscnaimh taifeadta speiceas agus scéimeanna eolaíochta saoránach a chur chun cinn agus tacú leo i gcomhpháirtíocht leis an Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta (LNSB), mar shampla laethanta Bioblitz, Comhaireamh Amaithe ar Fheithidí Blátha, Traschriosanna Féileacán srl. | Líon na scéimeanna NBDC a cuireadh chun cinn agus ar tacaíodh leo gach bliain |
| **4.4** | Fríd ardáin phearsanta agus ar líne, faisnéis agus treoir a chur ar fáil don phobal, d'úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le raon leathan topaicí bithéagsúlachta, lena n-áirítear Plean Pailneoirí Uile-Éireann, Speicis Choimhthíocha Ionracha agus bainistíocht gnáthóg agus speiceas. | Líon na gceisteanna maidir le cúrsaí bithéagsúlachta a fhreagraítear gach bliain.<br>Líon na mbileog eolais maidir le cúrsaí bithéagsúlachta a scaiptear gach bliain |
| **4.5** | Eolaire a chruthú de mhaoiniú bithéagsúlachta atá ar fáil agus cumarsáid a dhéanamh go forleathan. | Eolaire ar fáil ar líne agus nuashonraithe gach bliain |
| **4.6** | Painéil léirmhínithe agus litríocht fhaisnéiseach ar nós bileoga, leabhair agus póstaeir a tháirgeadh nó tacú le táirgeadh. | Líon na bpainéal nó na bhfoilseachán a cuireadh le chéile gach bliain |
| **4.7** | Bithéagsúlacht a ionchorprú i dtionscadail chruthaitheacha, ealaíon agus chultúrtha agus tacú le pobail an bhithéagsúlacht a úsáid mar théama ina dtionscadail chruthaitheacha. | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh gach bliain |

| | | |
|---|---|---|
| **4.8** | Tacú le tionscnaimh bhithéagsúlachta atá dírithe ar dhaoine óga agus cláir agus tionscnaimh náisiúnta a chur chun cinn ar nós Scoileanna Glasa, clár de chuid An Taisce agus Oidhreacht i Scoileanna, clár de chuid na Comhairle Oidhreachta. | Fianaise ar thionscnaimh ar tacaíodh leo nó a cuireadh chun cinn gach bliain |
| **4.9** | Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun tacú le daoine óga agus le gairmithe atá ag teacht chun cinn chun spéis agus taithí a fháil ar thionscadail bhithéagsúlachta a sheachadadh. | Líon na ndaoine ar tugadh tacaíocht dóibh faoi 2030 |

## 6.5 Téama 5. Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara

**Cuspóir: Comhpháirtíochtaí láidre, buana a thógáil le pobail, úinéirí talún, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara ar fud Chontae Dhún na nGall, ag cumhachtú comhghníomhaíochta don bhithéagsúlacht trí eolas, acmhainní agus freagracht chomhroinnte.**

Bíonn rath ar an bhithéagsúlacht nuair a thagann daoine le chéile. Cé acu ina ghrúpa bailte slachtmhara áitiúla ag cur bláthanna atá fabhrach do phailneoirí, feirmeoir ag athchóiriú sceach, nó scoil atá ag reáchtáil tionscadal dúlra, tá gach gníomh tábhachtach. Baineann an chaibidil seo le comhpháirtíocht. Baineann sé le Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair as lámh a chéile le pobail, úinéirí talún, scoileanna, gnólachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta chun an dúlra a chosaint agus a athchóiriú ar fud na contae.

Ó thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoireacht atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht agus eolaíocht saoránach, go cuidiú le pobail rochtain a fháil ar mhaoiniú, oiliúint agus comhairle saineolaithe, tá sé mar aidhm againn cuidiú le líonra daoine a thógáil a bhfuil cúram orthu faoi oidhreacht nádúrtha Dhún na nGall. Tá sé mar aidhm againn fosta breathnú ar an todhchaí trí dheiseanna do dhaoine óga, comhoibriú trasteorann, agus infheistíocht fhadtéarmach sa bhithéagsúlacht a iniúchadh.

## Téama 5. Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara

**Cuspóir: Comhpháirtíochtaí láidre, buana a thógáil le pobail, úinéirí talún, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara ar fud Chontae Dhún na nGall, ag cumhachtú comhghníomhaíochta don bhithéagsúlacht trí eolas, acmhainní agus freagracht chomhroinnte.**

| Uimh. an Ghnímh | Gníomh | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| **5.1** | Pobail, grúpaí cónaitheoirí, gnólachtaí agus comhpháirtithe eile a spreagadh agus tacú leo tabhairt faoi thionscadail a sholáthraíonn gníomhaíochtaí dearfacha bithéagsúlachta ar thalamh poiblí agus príobháideach. | Líon na dtionscadal a seachadadh gach bliain |
| **5.2** | Tacú le tionscnaimh a chuireann bainistíocht inbhuanaithe talún chun cinn agus a chuireann cleachtais feirmeoireachta atá fabhrach don bhithéagsúlacht chun cinn, ag cur béim ar an réimse deiseanna bithéagsúlachta is féidir a thapú ar leibhéal na feirme. | Líon na cainteanna a tugadh gach bliain<br><br>Líon na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh gach bliain |
| **5.3** | Cumas a fhorbairt i measc pobail chun gníomhaíocht a chur i gcrích ar son na bithéagsúlachta trí oiliúint spriocdhírithe agus réimse deiseanna líonraithe a chur ar fáil, amhail comhdhálacha, cuairteanna ar shuíomh dea-chleachtais agus ceardlanna. | Líon na dtionscnaimh oiliúna bithéagsúlachta pobail agus imeachtaí líonraithe a cuireadh ar fáil faoi 2030 |
| **5.4** | Grúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh le bheith fabhrach do phailneoirí trí chomhairle agus tacaíocht do Ghradam Pailneoirí an Údaráis Áitiúil i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. | Líon na ngrúpaí ar tugadh comhairle dóibh, gach bliain<br><br>Dámhachtain pailneoirí páirtmhaoinithe ag DCC gach bliain |
| **5.5** | Tacú le pobail tabhairt faoi scéimeanna náisiúnta eolaíochta saoránach agus taifeadta a dhéanann monatóireacht ar a mbithéagsúlacht áitiúil | Líon na scéimeanna ar tugadh tacaíocht dóibh, gach bliain |
| **5.6** | Tacú le tionscadail sláinte agus folláine a chuireann dea-chleachtas bithéagsúlachta chun cinn agus a nascann daoine leis an dúlra. | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh faoi 2030 |
| **5.7** | Oibriú i gcomhpháirtíocht le CUÚÁ, Iascach Intíre Éireann (IIÉ) agus grúpaí ábhartha eile chun ardú feasachta, oiliúint agus gníomhaíocht dhearfach a chur chun cinn agus tacú leo chun sláinte uiscechúrsaí a fheabhsú, ag freastal ar riachtanais na Creat-Treorach Uisce. | Líon na gcomhthionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh faoi 2030 |
| **5.8** | Tionscadail atá ag athchóiriú tailte portaigh a chur chun cinn agus tacú leo, nuair is féidir. | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh agus a cuireadh chun cinn faoi 2030 |
| **5.9** | Iniúchadh a dhéanamh ar bhunú Ghrúpa Oibre um Oideachas Bithéagsúlachta Dhún na nGall chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an chomhoibriú ar fud Chontae Dhún na nGall. | Grúpa Oibre Oideachais curtha le chéile agus ag bualadh le chéile go rialta faoi 2027 |

| | | |
|---|---|---|
| **5.10** | Oibriú le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha chun sineirgí inár gcuid oibre agus deiseanna a fhiosrú chun tógáil ar imeachtaí comhpháirtíochta, oiliúint múinteoirí agus tacaíocht do thionscadail. | Líon na gcomhthionscnamh atá curtha i gcrích faoi 2030 |
| **5.11** | Tacú le réimse tionscadal comhpháirtíochta LIFE, CNE agus tionscadail chomhpháirtíochta eile atá maoinithe ar fud Chontae Dhún na nGall agus a bhfuil sé mar aidhm acu bithéagsúlacht a fheabhsú agus a athchóiriú ar scála tírdhreacha. | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh faoi 2030 |
| **5.12** | Deiseanna a fhiosrú leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna agus leis an earnáil oideachais chun deiseanna a mhéadú do dhaoine scileanna bithéagsúlachta agus caomhnaithe a fháil. | Fianaise ar thaiscéalaíocht faoi 2030 |
| **5.13** | Tionscadail trasteorann agus idirnáisiúnta a iniúchadh chun buntáistí bithéagsúlachta comhpháirteacha a sholáthar agus le cuidiú le comhpháirtíocht a thógáil don todhchaí. | Líon na dtionscadal atá curtha i gcrích faoi 2030 |
| **5.14** | Meicníocht a iniúchadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna maoinithe seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhithéagsúlacht nó í a athbhunú agus tacú leo. | Meicníocht i bhfeidhm faoi 2030 |

## 6.6 Á Chur i bhFeidhm - Rialachas, Maoiniú agus Seachadadh Fadtéarmach

Aithníonn an Chomhairle an gá atá le cur chuige comhsheasmhach agus láidir a chinntiú maidir le rialachas, cur chun feidhme agus acmhainní chun a dualgais agus a freagrachtaí dlíthiúla agus an uaillmhian a leagtar amach sa doiciméad seo a chomhlíonadh

Chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur i gcrích go héifeachtach, bunófar creat láidir rialachais agus comhordúcháin. Áirítear leis sin Grúpa Forfheidhmithe Bithéagsúlachta inmheánach a chruthú, le tacaíocht ó fhoghrúpaí, chun ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt beartais, ar sheachadadh clár agus ar thuairisciú ar dhul chun cinn.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag comhordú Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall, ag cinntiú comhoibriú ar fud earnálacha, agus ag coinneáil rannpháirtíocht ghníomhach le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall chun tosaíochtaí bithéagsúlachta agus tionscnaimh oidhreachta a chomhtháthú.

Bainfear amach dlúth-ailíniú le cuspóirí aeráide trí rannpháirtíocht leanúnach san Fhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide tras-stiúrthóireachta, rud a threiseoidh idirspleáchas na bithéagsúlachta agus na hathléimneachta aeráide.

Beidh sé mar thosaíocht acmhainní leordhóthanacha a fháil, agus díreofar ar mhaoiniú seachtrach a fháil chun tionscadail fhiúntacha a sheachadadh agus leanúint le rannpháirtíocht agus for-rochtain éifeachtach.

Beidh tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn PGB CCDG agus comhlíonadh 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann mar bhonn faoi sheachadadh trédhearcach agus cuntasach, lena chinntiú go gcomhlíonfar dualgais reachtúla bithéagsúlachta.

Fríd na gníomhartha sin, tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall breithnithe bithéagsúlachta a leabú i ngach beartas agus clár ábhartha, ag cothú cur chuige comhoibríoch, dea-acmhainní agus dírithe ar thorthaí chun oidhreacht nádúrtha na contae a chosaint.

# Caibidil 7: Déan do chuid féin ar son na bithéagsúlachta

## Bithéagsúlacht ar Chúl an Tí

Molann Comhairle Contae Dhún na nGall duit dul amuigh faoin aer agus a fháil amach cén bhithéagsúlacht atá i bhfolach ar chúl an tí, i do pháirc áitiúil nó san áit a dtéann tú ag siúl. Treaoraíonn Bithéagsúlacht ar Chúl an Tí s'againne thú chuig láithreáin ghréasáin Eolaíochta Saoránach, treoracha agus eagraíochtaí eile atá ag reáchtáil feachtais shéasúracha a spreagann daoine chun féachaint ar an fhiadhúlra iontach go léir a chuireann fúthu i ngairdíní, i bpáirceanna agus i spásanna áitiúla agus taitneamh a bhaint astu. Faigh na naisc ag www.donegalculture.ie/en/services/biodiversity/backyard-biodiversity.

## Déan Do Chuid Féin

### Feirmeoirí agus úinéirí talún

- Má tá tú páirteach sa scéim agra-chomhshaoil ACRES, téigh i dteagmháil le do chomhairleoir feirme nó le foireann TC ACRES chun foghlaim cad é mar is féidir leat leas breise a bhaint as fiadhúlra ar d'fheirm. Tuilleadh eolais ag https://www.acresdonegal.ie/,
- Cloígh le cóid an dea-chleachtais talmhaíochta,
- Fág imeall páirce gan ghearradh níos déanaí sa tséasúr le haghaidh éin, feithidí agus mamaigh, agus
- Cuir srian ar aon ghearradh fálta sceach go gach dara bliain, ag ligean do roinnt réimsí a theacht i mbláth agus toradh a thabhairt gach fómhar.

### Gnólachtaí

- Déan urraíocht ar thionscadal bithéagsúlachta áitiúil agus cuidigh leis sin a dhéanamh,
- Cruthaigh do gharraí fiadhúlra féin i dtailte do chomhlachta, agus
- Iarr ar do chuid foirne oibriú go deonach agus lámh chuidithe a thabhairt do thionscadail chaomhnaithe áitiúla a thabharfaidh scileanna úra do d'fhoireann agus a chuideoidh le bithéagsúlacht áitiúil.

### Grúpaí Pobail

- Cruthaigh garraí fiadhúlra pobail agus cuir le do bhród áitiúil agus le do mhaoirseacht ar an chomhshaol,
- Cuidigh le coillearnach a chur nó suíomh áitiúil a chaomhnú don todhchaí, agus
- Cuidigh le do Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta pobail áitiúil a chur i bhfeidhm, má tá ceann agat nó déan iarratas ar Fhondúireacht Pobail Éireann chun tús a chur le Plean Gníomhaíochta! Amharc ar https://actionforbiodiversity.ie/ le haghaidh tuilleadh eolais.

**Daoine aonair**

- Cuidigh leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh le cur leis an bhithéagsúlacht áitiúil agus bí i do chláraitheoir fiadhúlra! Déan taifead ar aon radharcanna ar fhiadhúlra chuig an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta anseo ag www.biodiversityireland.ie,
- Bí i d'Eolaí Saoránach! Glac páirt i 'Mórfhaire na hAbhann', 'Fiosraigh Do Chladach' nó i Suirbhé ar na hÉin i do Gharraí agus i gcláir éagsúla faoin Phlean Pailneoirí Uile-Éireann do bheacha, féileacáin agus feithidí eile. Téigh chuig na suíomhanna Gréasáin seo chun tuilleadh eolais a fháil; https://theriverstrust.org/take-action/the-big-river-watch, https://exploreyourshore.ie/surveys/, https://birdwatchireland.ie/our-work/surveys-research/research-surveys/irish-garden-bird-survey/, agus https://biodiversityireland.ie/monitoring/.
- Bain triail as garraíodóireacht fiadhúlra agus bain taitneamh as na hiontais bheaga i do phaiste féin. Nó cén fáth nach gcruthódh tú garraí sráide agus do chomharsana a spreagadh le rud amháin a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta ina ngarraithe fosta,
- Tá leabhrán aoibhinn Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht (https://www.heritagecouncil.ie/content/files/Gardening-For-Biodiversity.pdf) curtha le chéile ag an Chomhairle Oidhreachta chomh  maith le sraith gearrscannán (www.heritagecouncil.ie/advice-and-guidance/gardening-for-biodiversity) ina bhfuil céimeanna simplí is féidir leat a dhéanamh i do gharraí maidir le bithéagsúlacht.
- Cruthaigh do charn múirín féin, ag laghdú do dhramhaíola agus ag laghdú an ghá le múirín de bhunús móna,
- Tuairiscigh coireanna fiadhúlra. Níor cheart neamhaird a dhéanamh ar eachtraí amhail dumpáil agus truailliú uisce, mar go mbíonn tionchar acu ar bhithéagsúlacht áitiúil. Tá muintir na háite san áit cheart le gníomhaíochtaí den tsórt sin a thuairisciú, agus d'fhéadfadh sé sin dul go mór chun meath breise ár ngnáthóg agus ár speiceas a chosc. Tuilleadh eolais ag https://www.npws.ie/wildlife-crime, agus
- Déan Obair Dheonach! Bíonn tionscadail áitiúla ann i gcónaí a bhfuil cuidiú ó oibrithe deonacha a dhíth orthu agus a thugann deis do dhaoine foghlaim faoi chuidiú lena bhfiadhúlra áitiúil. D'fhéadfadh siad sin a bheith ina laethanta plandála crann, déanamh boscaí éan, imréiteach scrobarnaí nó fiú baint an fhéir.

## Bí cothrom le dáta

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh is féidir leat cuidiú le bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, déan teagmháil leis an Oifigeach Bithéagsúlachta i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Guthán: **074 91 53900**
Ríomhphost: biodiversity@donegalcoco.ie

An Gréasán: www.donegalculture.ie/en/services/biodiversity/

# Caibidil 8: Aguisíní

## Aguisín 1. Suíomhanna ainmnithe i gContae Dhún na nGall

| Suíomh | LCS (SAC) | LCS (SPA) | Suíomh Ramsar | LON (NHA) | Cód |
|---|---|---|---|---|---|
| Aillte Árainn Mhór (Dún na nGall) | ● | | | | 111 |
| Baile an tSratha | ● | | | | 115 |
| Coill Bhaile Áir | ● | | | | 116 |
| Pointe Bhaile Uí Fhuaruisce go Cionn Fhánada | ● | | | | 1975 |
| Bá Bhaile an Easa | ● | | | | 1090 |
| Portach Chlochar na nGabhar agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha | ● | | | | 2047 |
| Portach na Cúlbhá | ● | | | | 1107 |
| Portach Chruach Eoghanach | ● | | | | 129 |
| Bá Dhún na nGall (Murbhach) | ● | ● | | | 133 & 4151 |
| Turlaigh Dhún Mucroma | ● | | | | 2303 |
| Lochanna Dhún Rátha/Ardchlár Phaiteagó | ● | ● | ● | | 1125 & 4099 & 334 |
| Loch Dhoirinse | ● | ● | | | 138 & 4145 |
| Portach Fhána Bhuí/Loch na Cuinge | ● | | | | 140 |
| Portach an Ghainimh Ghil | ● | | | | 142 |
| Bá agus Oileáin Ghaoth Dobhair | ● | | | | 1141 |
| Banc Turbaird Hempton | ● | | | | 2999 |
| Corrán Binne agus Rinn an Chliabháin | ● | | | | 147 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Inis Trá Tholl | ● | ● | | | 154 & 4100 |
| Loch Chionn Droma | ● | | | | 1151 |
| **Suíomh** | **SAC** | **SPA** | **Suíomh Ramsar** | **NHA** | **Cód** |
| An Leanainn | ● | | | | 2176 |
| Loch Iascaigh agus Coill Ard na Maona | ● | | | | 163 |
| Loch Gabhlach agus Cruach Bhríosaí | ● | | | | 2164 |
| Loch Meilbhe | ● | | | | 428 |
| Loch na Géige | ● | | | | 2135 |
| Dumhcha Loch na gCríoch | ● | | | | 164 |
| Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe) | ● | ● | | | 165 & 4110 |
| Loch Súilí | ● | ● | | | 2287 & 4075 |
| Portach Mhachaire Dromann | ● | | | | 168 |
| Scraith Mhín an Ghiúis | ● | | | | 1880 |
| Portach Mhín an Ghiúis / an Aird Bháin | ● | | | | 172 |
| Portach Mhínte Greanaí | ● | | | | 173 |
| An Mhucais | ● | | | | 1179 |
| An Mhaoil Rua | ● | | | | 2159 |
| Cósta Thuaidh Inis Eoghain | ● | | | | 2012 |
| Reachlainn Uí Bhirn | ● | ● | | | 181 & 4120 |
| An Fhinn | ● | | | | 2301 |
| Inis Mhic an Doirn agus Béal Inis Mhic an Doirn | ● | | | | 2283 |
| Loch an tSeisígh | ● | | | | 183 |
| Cuan na gCaorach | ● | | | | 1190 |
| Sliabh Liag | ● | | | | 189 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Sliabh Tuaidh/An Tor Mór/ Gaoth Luacharois Beag | ● | | | | 190 |
| Rinn Eoin | ● | | | | 191 |
| Portach na Teamhrach | ● | | | | 1992 |
| **Suíomh** | **SAC** | **SPA** | **Suíomh Ramsar** | **NHA** | **Cód** |
| Trá an Tearmainn | ● | | | | 1195 |
| Cósta Thoraí | ● | ● | | | 2259 & 4073 |
| Trá na Rossan agus Loch an Mhill Mhóir | ● | | | | 194 |
| Iarthar Ard an Rátha/Bóthar an Mháis | ● | | | | 197 |
| Sléibhte Dhoire Bheatha agus Ghleann Domhain | | ● | | | 4039 |
| An Fál Carrach go Mín Lárach | | ● | | | |
| Cionn Fhánada | | ● | | | 4148 |
| Oileán Mhic Griair | | ● | | | 4082 |
| Corrán Binne go Cionn Fhánada | | ● | | | 4194 |
| Oileán Cróna & Inis Caorach | | ● | | | 4132 |
| Loch & Leibhéal na hInse | | ● | | | 4083 |
| Inis Bó Finne, Oileán Dúiche agus Inis Beag | | ● | | | 4115 |
| Inis Dubh | | ● | | | 4116 |
| Inis Caoil | | ● | | | 4149 |
| Loch Dearg (Dún na nGall) | | ● | | | 4060 |
| Loch Fearna | | ● | | | 4087 |
| Cionn Mhálanna | | ● | | | 4165 |
| Róninis | | ● | | | 4121 |
| Loch an tSeascainn Mhóir | | ● | | | 4090 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Trá Bhréige | | ● | ● | | 4034 & 841 |
| Cósta Iarthar Dhún na nGall | | ● | | | 4150 |
| Oileáin Iarthar Dhún na nGall | | ● | | | 4230 |
| Portach Loch Beara | | | ● | | 373 |
| An Cnoc Breac | | | ● | | 475 |
| Portach an Bhearnais Mhóir | | | | ● | 2375 |
| **Suíomh** | **SAC** | **SPA** | **Suíomh Ramsar** | **NHA** | **Cód** |
| Portach na Camabhna | | | | ● | 2405 |
| Portach Chaiseal na bhFiann | | | | ● | 122 |
| Portach Chorr Mhín | | | | ● | 1108 |
| Portach Sléibhe Chnoc an Mhuirín | | | | ● | 1878 |
| Portach na nUillí | | | | ● | 1127 |
| Portach an Locha Fhada | | | | ● | 1159 |
| Portach Dhroim an Locha | | | | ● | 2452 |
| Portach Mhín na Gráinneoige | | | | ● | 2437 |
| Portach na Míne Móire Thiar | | | | ● | 2453 |
| Portaigh Shliabh Sneachta | | | | ● | 2322 |
| Portach an Iomaire Chaim | | | | ● | 2406 |

## Aguisín 2. Gluais agus Leabharliosta

### Gluais de théarmaí teicniúla agus beartais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide (ACRES) | Scéim agra-chomhshaoil de chuid na hÉireann a chuireann feirmeoireacht inbhuanaithe chun cinn. |
| Plean Pailneoirí Uile-Éireann | Creat chun pailneoirí a chosaint agus cleachtais atá fabhrach do phailneoirí a chur chun cinn. |
| Iarscríbhinn I Gnáthóga | Gnáthóga atá liostaithe faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga mar ghnáthóga a dteastaíonn bearta caomhnaithe speisialta uathu. |
| Measúnú Cuí | Measúnú lena chinntiú nach ndéanann tionscadail drochthionchar ar láithreáin chosanta. |
| Bithéagsúlacht | Éagsúlacht na bplandaí agus na n-ainmhithe ar domhan nó i ngnáthóg ar leith. |
| Dualgas Bithéagsúlachta | Oibleagáid dhlíthiúil ar chomhlachtaí poiblí an bhithéagsúlacht a chur san áireamh ina gcuid feidhmeanna. |
| Bonneagar Gorm | Gnéithe nádúrtha uisce-bhunaithe a sholáthraíonn buntáistí éiceolaíochta agus sóisialta. |
| Ceapadh Carbóin | An próiseas chun dé-ocsaíd charbóin atmaisféarach a cheapadh agus a stóráil. |
| Eolaíocht Saoránach | Taighde eolaíoch arna dhéanamh ag eolaithe amaitéaracha nó neamhghairmiúla. |
| Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide | Plean straitéiseach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus dul in oiriúint don athrú aeráide. |
| Oiriúnú Aeráide | Coigeartuithe i gcórais chun an dochar ó thionchar an athraithe aeráide a íoslaghdú. |
| An Coinbhinsiún ar an Éagsúlacht Bhitheolaíoch | Conradh idirnáisiúnta chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. |
| Tionscadal LIFE an Traonaigh | Tionscadal LIFE de chuid an AE atá dírithe ar an traonach a chaomhnú mar speiceas éin in Éirinn. |
| Seirbhísí Éiceachórais | Na buntáistí a fhaigheann daoine ó éiceachórais, lena n-áirítear seirbhísí soláthair, rialála agus cultúrtha. |
| Measúnacht Tionchair Timpeallachta | Staidéar chun iarmhairtí comhshaoil na dtionscadal beartaithe a thuar. |
| Straitéis Bithéagsúlachta an AE do 2030 | Plean Eorpach chun stad a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus éiceachórais a athbhunú. |

| | |
|---|---|
| Treoir an AE maidir le hÉin | Dlí Eorpach chun gach speiceas éan fiáin agus a ngnáthóga a chosaint. |
| Treoir an AE maidir le Gnáthóga | Dlí Eorpach atá dírithe ar ghnáthóga nádúrtha agus speicis fhiáine a chaomhnú. |
| Creat-Treoir Uisce an AE | Reachtaíocht an AE chun cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú ar fud na mBallstát. |
| Bonneagar Glas | Líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha atá deartha chun seirbhísí éiceachórais a sholáthar. |
| Ilroinnt Gnáthóg | Gnáthóga leanúnacha a bhriseadh suas i bpaistí níos lú, iargúlta. |
| Bainistíocht Speiceas Coimhthíoch Ionrach | Speicis neamhdhúchasacha atá ag bagairt éiceachórais a rialú agus a chosc. |
| SAOL ar an Mhachaire | Tionscadal LIFE de chuid an AE a thacaíonn le hathchóiriú córais machair agus speicis ghaolmhara. |
| Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil | Plean a d'fhorbair údaráis áitiúla chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú ag leibhéal na contae. |
| An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht | Plean straitéiseach na hÉireann chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú. |
| Creat Náisiúnta Pleanála | Straitéis fhadtéarmach na hÉireann maidir le pleanáil spásúil agus forbairt inbhuanaithe. |
| Natura 2000 | Líonra de limistéir chosanta ar fud an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar an bhithéagsúlacht a chaomhnú. |
| Limistéir Oidhreachta Nádúrtha | Láithreáin atá ainmnithe chun fiadhúlra agus gnéithe nádúrtha in Éirinn a chosaint. |
| Anaclann Dúlra | Stráice talún a bhainistítear chun fiadhúlra agus gnáthóga a chaomhnú. |
| Dlí um Athchóiriú an Dúlra | Reachtaíocht AE lena sainordaítear éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú. |
| Réitigh Nádúrbhunaithe | Gníomhaíochtaí a úsáideann próisis nádúrtha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha amhail athrú aeráide. |
| Athchóiriú Tailte Portaigh | An próiseas chun tailte portaigh díghrádaithe a athfhliuchadh agus a athshlánú. |
| LONb | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe, a aithníodh mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá tábhachtach don bhithéagsúlacht ach nach bhfuil cosaint dhleathach aige fós. |
| Plean Pailneoirí | Straitéis chun feithidí pailnitheacha agus a ngnáthóga a chosaint. |
| Ramsar | Conradh idirnáisiúnta chun bogaigh a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. |
| Scéim Íocaíochta Bunaithe ar Thorthaí | Scéim a thugann luach saothair d'úinéirí talún bunaithe ar thorthaí comhshaoil. |

| | |
|---|---|
| Cearta an Dúlra | Coincheap dlí a thugann cearta bunúsacha d'éiceachórais agus do speicis a bheith ann agus a bheith rathúil. |
| Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta | Limistéir chosanta arna n-ainmniú faoi dhlí an AE chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chaomhnú. |
| Limistéir faoi Chosaint Speisialta | Limistéir atá aicmithe faoi Threoir an AE maidir le hÉin chun éin fhiáine a chosaint. |
| Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta | Próiseas córasach chun meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí timpeallachta a bhaineann le pleananna agus le cláir. |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | Spriocanna domhanda arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030. |
| Nádúr an Atlantaigh Fhiáin | Tionscadal atá maoinithe ag an AE dírithe ar thailte portaigh agus gnáthóga in iarthuaisceart na hÉireann a athchóiriú. |
| An tAcht um Fhiadhúlra | Reachtaíocht na hÉireann lena ndéantar foráil maidir le fiadhúlra agus gnáthóga a chosaint. |
| Cur Chuige Uile-Rialtais | Gníomhaíocht chomhordaithe ar fud na ranna rialtais go léir chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. |
| Cur Chuige na Sochaí Uile | Gníomhaíocht chuimsitheach lena mbaineann gach earnáil den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra. |

## Leabharliosta


1. An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2019) *6ú Tuarascáil na hÉireann ar an Choinbhinsiún maidir leis an Bhithéagsúlacht*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.
2. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2024) *Tuarascáil na hÉireann ar Staid an Chomhshaoil 2024*. Loch Garman: EPA.
3. An Coimisiún Eorpach (1992) *Treoir 92/43/CEE ón Chomhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fánaí agus flóra fiáine a chaomhnú (Treoir maidir le Gnáthóga).* Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, L206, lgh 7–50.
4. Treoir *79/409/CEE ón Chomhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú (Treoir maidir le hÉin).* Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, L103, lgh 1–18.
5. *Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú*. Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L20, lgh. 7–25.
6. An Coimisiún Eorpach (2020) *Straitéis Bhithéagsúlachta an AE do 2030: An Dúlra a thabhairt ar ais inár saol.* An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.
7. Fitzgerald Ecology (2024; 2025) *Iniúchtaí ar Speicis Dhún na nGall*. Dún na nGall: Fitzgerald Ecology.
8. Fossitt, J.A. (2000) *Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn*. Cill Chainnigh: An Chomhairle Oidhreachta.

9. Rialtas na hÉireann (2023) *4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann 2023–2030*. Baile Átha Cliath: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
10. Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 *de chuid Rialtas na hÉireann (2024)*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
11. Treoirlínte Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil *(2021*). Cill Chainnigh: An Chomhairle Oidhreachta.
12. Ardán Beartais-Eolaíochta Idir-Rialtasach ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) (2019) *Tuarascáil Mheasúnaithe Domhanda ar Bhithéagsúlacht agus Seirbhísí Éiceachórais: Achoimre do Lucht Déanta Beartas*. Bonn: Rúnaíocht IPBES.
13. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) (2025) *Láithreáin Chosanta agus Anaclanna Dúlra i gContae Dhún na nGall*. Baile Átha Cliath: NPWS.
14. Ó Gaoithín, S. (2023) *Coillte Dúchasacha Chontae Dhún na nGall*. Dún na nGall: Údar.
15. An tAcht um Fhiadhúlra 1976 (Uimh. 39 de 1976). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.
16. An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 (Uimh. 38 de 2000). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.
17. An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2010 (Uimh. 19 de 2010). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.
18. An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2012 (Uimh. 29 de 2012). Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.



Léaráid le Leah Sweeney

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme